WE ARE MUSIC GENERATION



# Tuarascáil Bhliantúil

# 2024

# Clár na nÁbhar

Gluais — 3
Réamhrá an Chathaoirligh — 5
Réamhrá an Stiúrthóra Náisiúnta — 6
An Bhliain i nGrianghraif — 10
Gníomhaíochtaí agus Aschuir — 13
Imeachtaí Náisiúnta agus Áitiúla *We are Music Generation* — 27
Buaicphointí na gClár ó gach Cearn den Tír — 39
Spriocanna Straitéiseacha — 51
Cáilíocht — 51
Inbhuanaitheacht — 58
Abhcóideacht — 63
Bord Music Generation Board agus Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation — 69
Bord — 70
Baill Foirne — 71
Rialachas — 72
Conas a Fheidhmíonn an Bord — 72
Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coistí — 74
Ráiteas maidir le Bearta Bainistíochta Riosca — 74
Cúrsaí Airgeadais — 75
Achoimre ar Fhigiúirí 2024 — 75
Aguisíní — 77
Aguisín A: Ballraíocht na gCruinnithe Boird agus Freastal Orthu — 77
Aguisín B: Táillí na Stiúrthóirí agus Speansais a Íocadh le Comhaltaí Boird in 2024 — 78



# Gluais

**Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall**
*Comhdháil Náisiúnta Music Generation Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell

## An Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC)

Tacaíonn Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC) Music Generation le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla lena soláthraítear deiseanna do pháistí, do dhaoine óga agus do cheoltóirí gairmiúla chun teacht le chéile leis an gceol. Tá an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe á gcómhaoiniú ag U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Óige i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon. In 2024, cuireadh maoiniú breise ar fáil trí an CCC a choigeartú go dtí an CCCC, an Ciste Cruthaigh, Comhoibrigh, Ceiliúir, chun tacú le CÁOCanna le himeachtaí agus tionscnaimh bhreisea reáchtáil do *We are Music Generation* 2024.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Is é Forbairt Ghairmiúil Leanúnach an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí foghlama ina nglacann na baill foirne páirt lena gcuid scileanna agus cumas a fhorbairt.

## Grúpa Stiúrtha Stiúrthóireachta (GSS)

Cuireann Grúpa Stiúrtha Stiúrthóireacht Music Generation – Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) fóram ar fáil le haghaidh cumarsáide, comhoibrithe agus comhairliúcháin idir Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation agus Stiúrthóirí BOO atá freagrach as cláir The Music Generation laistigh dá Stiúrthóireacht. Cuimsítear sa bhallraíocht Stiúrthóirí Breisoideachais agus Oiliúna, Scoileanna agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil BOO mar aon le Feidhmeannach Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

## Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)

Údaráis reachtúla oideachais is ea Boird Oideachais agus Oiliúna. Is iadsan atá taobh thiar den oideachas agus den oiliúint sa phobal áitiúil, agus tá conairí ar fáil do gach foghlaimeoir sa Luath-Oideachas, Scoileanna Náisiúnta Pobail, Iar-bhunoideachas, Breisoideachas agus Oiliúint, Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna, Seirbhísí Óige, Seirbhísí Oideachais Allamuigh, agus Seirbhísí Oideachais Pobail. Tá príomhról ag Boird Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre i mbainistíocht áitiúil Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil Music Generation.

## **Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil** (CÁOC)

Is éard i Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil ná grúpaí saineolaithe áitiúla, daoine aonair agus eagraíochtaí a chuireann chun cinn agus a threoraíonn forbairt chlár Music Generation ina gceantar. Tá Údarás Áitiúil nó Bord Oideachais agus Oiliúna i gceannas ar gach CÁOC.

## **Oifigeach Forbartha Ceoil** (OFC)

Ceaptar Oifigigh Forbartha Ceoil i ngach Limistéar CÁOC de chuid Music Generation. Treoraíonn siad forbairt clár oideachais um cheol taibhithe do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil agus déanann siad maoirseacht orthu.

## **Oifig Forbartha Náisiúnta** (OFN)

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Forbartha Náisiúnta misean Music Generation a bhaint amach trí thacaíocht a thabhairt don chóras náisiúnta soláthair oideachais um cheol taibhithe áitiúil, trí chomhpháirtíocht straitéiseach idir daonchairdeas, an Rialtas, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil.




## **Oideachas um cheol taibhithe**

Cuireann Music Generation oideachas um cheol taibhithe ar fáil – is é sin, fairsinge na foghlama gutha agus uirlise i ngach seánra agus i ngach stíl cheoil. Áirítear leis sin gach cur chuige agus cleachtas oideolaíoch atá oiriúnach do chultúir agus do thraidisiúin cheoil agus déanann Oideoirí Ceoltóra gairmiúla é a sheachadadh. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Óige oideachas ceoil neamh-phríomhshrutha. Leis an oideachas um cheol taibhithe, comhlánaítear agus treisítear soláthar curaclaim ceoil phríomhshrutha an chórais oideachais fhoirmiúil ach ní chuirtear ina ionad sin é.

## **Pleanáil le haghaidh Cáilíochta** (PC)

Próiseas frithluaileach comhoibríoch is ea Pleanáil le haghaidh Cáilíochta arna éascú ag feidhm Forbartha agus Foghlama Cáilíochta Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation. Tá an próiseas á threorú i gcomhpháirtíocht le CÁOCanna chun oibriú le foirne áitiúla chun tuiscint chomhroinnte ar cháilíocht a chothú.

## **Forbairt agus Foghlaim Cáilíochta** (FFC)

Déanann an fhoireann sin feidhmeanna Forbartha agus Foghlama Cáilíochta Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation a threorú, a fhorbairt agus a sholáthar. Tacaíonn an fheidhm Forbartha agus Foghlama Cáilíochta le líonra náisiúnta Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil Music Generation a chothaíonn cultúr d'fheabhsú leanúnach, ionas go mbeidh an caighdeán is fearr eispéireas agus torthaí  ag páistí agus ag daoine óga.

**Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath**
*Oifig an Ombudsman do Leanaí*
*Cainteanna Leanaí 2024*
Grianghraf le Maxell Photography

# Réamhrá an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Music Generation do 2024 a chur i láthair.

Aithnítear Music Generation fós mar eagraíocht thar a bheith rathúil atá dírithe ar mhisean, agus tá ceart gach linbh agus duine óig chun rochtain a fháil ar oideachas ceoil i gcroílár gach a ndéanaimid. Táimid bródúil as bliain thar a bheith rathúil eile inar bhain **10.9% de na páistí agus na daoine óga** faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn **úsáid as cláir agus gníomhaíochtaí Music Generation**.

Seasann 2024 amach mar bhliain inspioráideach inár ár dturas ceithre bliana déag, atá á cheiliúradh le seoladh *We are Music Generation* — bliain atá tiomnaithe do cheiliúradh a dhéanamh ar an tionchar bunathraitheach atá ag an oideachas um cheol taibhithe ar shaol páistí agus daoine óga. Reáchtáladh imeachtaí ceoil, féilte, léirithe, comhdhálacha agus cruinnithe ar fud na hÉireann chun éachtaí comhchoiteanna gach duine atá páirteach in Music Generation a cheiliúradh.

Ba bhliain í inar leanamar lenár misean a bhaint amach-páistí agus daoine óga a chumhachtú chun barr a gcumais a bhaint amach trí rochtain ar oideachas ceoil ardchaighdeáin agus trí rannpháirtíocht ann. Ag Music Generation, creidimid in Éirinn ina dtugtar an deis do gach páiste agus duine óg a saol a athrú ó bhonn tríd an gcumhacht a bhaineann le ceol a chumadh agus a fhoghlaim.

Tá ár gcomhpháirtithe lárnach i rath Music Generation. Ní bheadh obair Music Generation indéanta gan a dtacaíocht. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le U2, le The Ireland Funds, le Banc Mheiriceá, leis an Roinn Oideachais agus Óige, Music Network agus leis an gComhairle Ealaíon as a dtiomantas leanúnach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don ról tábhachtach atá ag Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil, ina bhfuil ról ceannaireachta ag Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus ag Údaráis Áitiúla, maidir le cuidiú linn spriocanna comhroinnte a bhaint amach. Gabhaimid buíochas ar leith le foirne áitiúla na nOifigeach Forbartha Ceoil, Riarthóirí, Oibrithe Acmhainní, agus Oideoirí Ceoltóra, a spreagann an misean sin ar aghaidh gach lá.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an mBord agus le foireann dheonach an-tiomanta Oifig Forbartha Náisiúnta (OFN) Music Generation. Baineadh roinnt éachtaí iontacha amach in 2024, agus táim ag tnúth le cad atá i ndán do Music Generation amach anseo.

**Leo Blennerhassett**
Cathaoirleach

# Réamhrá an Stiúrthóra Náisiúnta

Díríodh cuid mhór dár bhfuinneamh in 2023 ar ar phleanáil agus ar ullmhú chun bliain fhíor-speisialta a dhéanamh de 2024. Leis an ullmhúchán sin, réitíodh an bealach do bhliain rathúil inspioráideach. Thosaíomar 2024 leis an seoladh spreagúil '*We are Music Generation*' chun éachtaí na gcomhpháirtithe uile atá páirteach in Music Generation a cheiliúradh.

Beartaíodh agus soláthraíodh clár bríomhar bliana d'imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. I measc cuid de na buaicphointí faoi stiúir OFN bhí:

- ***Lá We Are Music Generation***
  Ceiliúradh lúcháireach do pháistí agus do dhaoine óga a bhí ar siúl in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath.
- ***Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht***
  Comhdháil aon lae a spreag smaointeoireacht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath inar tugadh le chéile réimse leathan guthanna ó gach cearn den líonra.
- ***Cruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóra***
  Imeacht dinimiciúil ina raibh go leor cuir i láthair faoi stiúir ceoltóirí agus seisiúin phraiticiúla a bhí deartha chun cleachtas a roinnt agus inspioráid a spreagadh.



Leis an gCiste leathnaithe Cruthaigh, Comhoibrigh agus Ceiliúir (CCCC), éascaíodh os cionn 30 imeacht réigiúnach agus áitiúil. I measc na dtionscadal bhí:

- **Deireadh Seachtaine Cumadóirí Amhrán Bhaile na Coille**
  Tearmann cumtha amhrán, inár cruthaíodh spás do lucht óg na n-ealaíon chun cumadh amhrán agus liricí a iniúchadh.
- **Harmony in Diversity**
  Comhoibriú 8 seachtaine idir cláir Rac-cheoil agus Popcheoil Music Generation an Longfoirt, cláir cheoil Romaigh agus ceoil na hAfraice chun cultúir cheoil éagsúla a cheiliúradh.
- **Ceiliúradh Mór! Féile ar Camchuairt**
  Sraith léirithe ó cheoltóirí óga i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ar fud Bhiorra, Éadan Doire agus Thulach Mhór, lena n-áirítear Aintiún tiomnaithe *We are Music Generation*! chun cleachtas a roinnt agus inspioráid a spreagadh.

Chomh maith leis sin ar fad, leanadh le cláir a fhorbairt agus a leathadh amach i bpobail áitiúil ar fud na tíre. Lean an rannpháirtíocht ag méadú agus 10.9% de na páistí agus na daoine óga go léir faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn ag baint úsáid as gníomhaíochtaí Music Generation. **Bhí 132,500 Rannpháirtí Cláir páirteach i ngníomhaíochtaí Music Generation in 2024**. Rinne 531 Oideoir Ceoltóra cláir Music Generation a sholáthar go gníomhach. Ar an iomlán, soláthraíodh 125,513 uair an chloig de theagasc Oideachais Ceoil, rud a léirigh fairsinge agus tionchar na gclár ar fud na tíre.

I measc na gcuimhneachán ceoil iomadúil le linn na bliana, áirítear an méid seo a leanas ar chuid de na buaicphointí:

- **SHIFT**
  Chomhoibrigh ceoltóirí óga ó Music Generation Ros Comáin le breis agus 60 damhsóir ó gach cearn den tír chun píosa cumhachtach ceoil agus damhsa faoin athrú aeráide a chruthú agus a léiriú ag BBC Studios i mBéal Feirste.
- **Cainteanna Leanaí Oifig an Ombudsman do Leanaí** D'oscail DJanna óga ó Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath imeacht 2025 le sraith fhuinniúil, in éineacht le léirithe ó Chriú Lios Dúin Bhearna, a chuaigh i gcomhpháirtíocht le The Kabin ó Music Generation Chathair Chorcaí.
- **SINGOUT**
  Chríochnaigh Music Generation Chill Chainnigh a bhliain leis an gceolchoirm SINGOUT in Ardeaglais Chainneach. Cuimsíodh san imeacht leis an téama geimhridh léirithe ó thrí bhunscoil i gCill Chainnigh, chomh maith le téadseinnteoirí, drumadóirí agus ionstraimithe óna gcláir uile.

Laistigh de chomhthéacs ár bPlean Straitéisigh 2022-2026, leanamar ag díriú ar ár dtrí tosaíocht straitéiseacha a chur chun feidhme: cáilíocht, inbhuanaitheacht agus tacaíocht.

I measc na bpríomhfhorbairtí i gcáilíocht i mbliana bhí dul chun cinn suntasach ar chúig thosaíocht atá leagtha amach inár straitéis cháilíochta: Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC), Ceiliúradh Náisiúnta 2024, Taighde agus Foghlaim an Oideachais um Cheol Taibhithe, Neartú Líonra, agus an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe. Maidir le hinbhuanaitheacht, leanamar lenár gcomhpháirtíochtaí luachmhara le comhpháirtithe daonchairdiúla, rialtais agus áitiúla a chothú agus a neartú. Thacaigh ár straitéis chumarsáide lenár spriocanna abhcóideachta, rud a chinntigh gur ardaíomar feasacht ar ár misean trí bheith ag éisteacht agus bheith rannpháirteach le páistí agus le daoine óga inár scéalaíocht. Mhéadaíomar ár rannpháirtíocht dhigiteach agus leanamar le hábhair a chruthú chun bealaí nua agus mealltacha a aimsiú chun ár dtionchar a chur in iúl. Ba bhliain í 2024 ina ndearnadh fíordhul chun cinn inár gcleachtais rannpháirtíochta páistí atá ag dul ó neart go neart. Trí éisteacht go géar le guthanna páistí agus daoine óga trínár bpróisis chomhairliúcháin agus rannpháirteacha, bhíomar ábalta fís a mhúnlú inar léiríodh ár ndearcthaí maidir lenár n-imeachtaí náisiúnta in 2024.

Agus muid ag féachaint siar go bródúil ar na héachtaí in 2024, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine atá páirteach in Music Generation as ár misean comhroinnte a chur chun cinn le tiomantas agus díograis iontach.

**Rosaleen Molloy**
Stiúrthóir Náisiúnta



# Music Generation

Is é Music Generation clár náisiúnta oideachais um cheol na hÉireann, lena **n-athraítear ó bhonn saol páistí agus daoine óga** trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil ardchaighdeáin ina gceantar áitiúil.

Arna thionscnamh ag Music Network, tá Music Generation cómhaoinithe ag U2, The Ireland Funds, an Roinn Oideachais agus Óige, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil.

## Fís

Creidimid in Éirinn ina dtugtar an deis do gach páiste agus duine óg a saol a athrú ó bhonn tríd an gcumhacht a bhaineann le ceol a dhéanamh agus a fhoghlaim.

## Misean

Is é ár misean páistí agus daoine óga a chumhachtú chun barr a gcumais a bhaint amach trí rochtain ar oideachas ceoil ardchaighdeáin agus trí rannpháirtíocht ann.






**Music Generation Phort Láirge agus Music Generation Cheatharlach**
*SoundCrowd '24*
Grianghraf le DGM Photographic

# Luachanna

## Cáilíocht
Cáilíocht an eispéiris do pháistí agus do dhaoine óga a chur i gcroílár ár gcuid oibre.

## Éagsúlacht
Éagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú: sóisialta, cultúrtha agus oideolaíoch a chleachtadh a chur chun cinn i ngach suíomh ina n-oibrímid agus ina mbíonn tionchar againn.

## Comhpháirtíocht
Ag obair i gcomhar le go leor comhpháirtithe ag baint úsáid as tionchar agus rannpháirtíocht chun caidreamh iontaofa a chothú agus ár spriocanna a bhaint amach.

## Fiosracht
Éisteacht agus foghlaim; fiosracht leanúnach faoi conas rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr, ligean lenár smaointe, glacadh le taighde agus nuálaíocht, agus pleanáil go straitéiseach.

## Cuntasacht
Seasamh le caighdeáin arda trédhearcachta, chuntasachta agus éifeachtachta, bheith tiomanta d'fhás inbhuanaithe, agus bheith gníomhach i ndáil lenár bhfreagrachtaí as an gcomhshaol. Léigh tuilleadh faoi Phlean Straitéiseach 2022–2026 Music Generation.

**Spriocanna Straitéiseacha 2022-2026**



**Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Uíbh Fhailí**
*SingFest*
Grianghraf le Paul Moore

# An Bhliain i nGrianghraif



**Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas**
*SubSounds - Féile Cheoil na hÓige*
Grianghraf Dylan Scully



**Music Generation Phort Láirge agus Music Generation Cheatharlach**
*SoundCrowd '24*
Grianghraf le DGM Photographic



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan



**Music Generation Ros Comáin**
*SHIFT*
Grianghraf Jim Corr Photography




**Music Generation na hIarmhí agus Music Generation Uíbh Fhailí**
*SingFest*
Grianghraf le Paul Moore



**Music Generation na Gaillimhe**
*Féile Cheoil Thraidisiúnta Chontae na Gaillimhe*
Grianghraf Sean Lydon



**Music Generation Chill Chainnigh**
*Song Collective*
Grianghraf le DGM Photographic

**Music Generation Chontae Luimnigh**
*Mol don Óige Chruthaitheach i Mainistir na Féile*
Grianghraf le Jamie Moore



" Tá a bhfuilimid ag iarraidh a dhéanamh an-simplí. Is mian linn a chinntiú go mbeidh rochtain ag **gach uile dhuine**, beag beann ar a gcúlra, **ar theagasc ceoil**. Sin an smaoineamh."

Bono, U2




**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

# Gníomhaíochtaí agus Aschuir



# 132,500

Rannpháirtithe sna Cláir



# 125,513

Soláthraíodh **uair an chloig de theagasc** an Oideachais um Cheol Taibhithe in 2024

# **2024 Bliain** faoi Ahbhreithniú

# 10.9%

de na **páistí agus na daoine óga** go léir in Éirinn a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí Music Generation



# 531

**Rinne Oideoirí Ceoltóra** cláir Music Generation a sholáthar go gníomhach in 2024



# Rinneadh os cionn **40**

**cineál ceoil** a theagasc ar chláir Music Generation



# 1,224

Reáchtáladh **léirithe** Music Generation le páistí agus daoine óga in 2024

1. **Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht**
   *Comhdháil Náisiúnta Music Generation Caisleán Bhaile Átha Cliath*, Grianghraf le Brian Farrell
2. **Lá We are Music Generation**
   *An tIonad Comhdhála,*
   Grianghraf le Dave Keegan
3. **Cruinniú Náisiúnta Oideora Ceoltóirí Music Generation**
   Grianghraf le Brian Farrell
4. **Music Generation Phort Láirge**
   *Midnight Collective,*
   Grianghraf le DGM Photographic
5. **Lá We are Music Generation**
   *An tIonad Comhdhála,*
   Grianghraf le Dave Keegan



Lá We are Music Generation
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

# Rannpháirtíocht

D'oibrigh Music Generation le 132,500 rannpháirtí cláir in 2024, ar fud 29 limistéar Comhpháirtíochta Áitiúla um Oideachas Ceoil (CÁOC). Léiríonn an figiúr sin fás leanúnach Music Generation agus tuilleadh méadaithe i measc CÁOCanna níos nuaí. Oibríonn Music Generation le 10.9% de na páistí agus na daoine óga uile in Éirinn.*

* Má dhéanaimid comparáid idir 124,607 agus daonra iomlán na bpáistí agus na ndaoine óga (18 mbliana d'aois agus faoina bhun, Daonáireamh 2022) sna 29 limistéar geografach a sholáthair sonraí ar an líon daoine, glacann níos mó ná 1 as gach 10 bpáiste agus duine óg páirt i gclár de chuid Music Generation (10.9%).

## Iomlán na Rannpháirtithe sna Cláir Bhliantúla





## Aois na Rannpháirtithe sna Cláir

Tá an cion is airde rannpháirtithe sna cláir i measc ghrúpa aoise na mBlianta Sóisearacha (7-12 bliana d’aois).





# Uaireanta Teagaisc

Bhí méadú 7.57% ar líon na n-uaireanta teagaisc a soláthraíodh in 2024.

**Music Generation Chill Mhantáin**
*Beyond the Trees*
Grianghraf le Mick Behan

## Iomlán na nUaireanta Teagaisc




* Le linn na paindéime in 2020, bailíodh faisnéis faoi uaireanta teagaisc ar bhealaí difriúla. In áit uaireanta teagaisc a shuimiú don bhliain sin, rinneadh monatóireacht ar an meánlíon seachtainiúil teagaisc ag trí phointe ama. Mar gheall ar an difríocht sin, níor cuireadh líon iomlán na n-uaireanta teagaisc do 2020 sa ghraf seo.



# Fócas, Formáidí agus Soláthar na gClár

## Fad na gClár

Maireann an cion is mó de chláir Music Generation 20-30 seachtain, nó is cláir theagaisc a mhaireann bliain iomlán iad.



## Seánra

Thuairiscigh limistéar CÁOC go raibh breis agus 40 cineál ceoil ag baint leis na cláir.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

## Léargas ar an gClársceidealú

### Bunúsach nó Réamh-Uirlise

### Teicneolaíocht Cheoil

### Podchraoladh

### Focal Labhartha

### Taifeadadh agus Léiriúchán

### Rapcheol

### Saothar

### Déanamh Cruthaitheach Ceoil

### Amhránaí-Scríbhneoir Amhrán

Thuairiscigh thart ar 250 clár fócas ar sheánra amháin agus bhí meascán seánraí ina ngníomhaíochtaí ag baint le 750 ceann acu. Taispeánann an tábla thíos na seánraí is coitianta de réir líon agus céatadán na gclár ar a bhfuarthas iad.

| Seánra | % na gClár (thart ar) | Líon na gClár (thart ar) |
|---|---|---|
| Popcheol | 32.93% | 323 |
| Rac-cheol | | 204 |
| Traidisiúnta | | 187 |
| Ceol tíre | 12.54% | 123 |
| Clasaiceach | 11.52% | 113 |
| Comhaimseartha | 4.59% | 45 |
| Luathbhlianta | | 34 |
| Snagcheol | | 32 |
| Domhanda | | 16 |
| Hip-Hop | | 14 |
| Rapcheol | | 14 |
| Córúil | | 13 |
| Ceol Tuaithe | | 12 |
| Leictreonach | | 12 |



# Ionaid Uathúla

Thuairiscigh Limistéar CÁOC de chuid Music Generation gur úsáid siad 1,430 aonad uathúil in 2024.

Is é sin méadú 8.5% ó bhí 2024 ann (úsáideadh 1,138 aonad uathúil in 2023).






**Lá We are Music Generation**
*An tlonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

Tá an cion de chineálacha ionaid atá in úsáid inchomparáide leis na blianta roimhe seo.

Is i suíomhanna bunscoile atá an cion is airde de na hionaid a úsáidtear, ag 9.5%. Saoráidí Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ina dhiaidh sin, agus Spásanna Cathartha ansin, 4.8% araon.

Thuairiscigh CÁOC Music Generation freisin go raibh siad ag obair i

## 781 bunscoil uathúil

Is ionann é sin agus 25.28% de na bunscoileanna uile sa Stát, méadú 2.3% ó bhí 2023 ann.

Thuairiscigh CÁOC Music Generation freisin go raibh siad ag obair i

## 136 meánscoil uathúil

Is ionann é sin agus 18.7% de na meánscoileanna uile sa Stát, laghdú 1% ó bhí 2023 ann.

Thuairiscigh CÁOC Music Generation freisin go raibh siad ag obair i

## 28 scoil oideachais speisialta uathúil

Is ionann é sin agus 20% de na bunscoileanna uile sa Stát, méadú 2.6% ó bhí 2023 ann.

D'oibrigh Music Generation i limistéar CÁOC

## 29.2% de na bunscoileanna DEIS uile agus 31.5% de na meánscoileanna DEIS uile

sa stát. Bhí 39.6% de rannpháirtíocht scoileanna Music Generation lonnaithe i mbunscoileanna agus i meánscoileanna DEIS.

# Lucht Oibre agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

## Lucht oibre

Sholáthair 531 Oideoir Ceoltóra cláir go gníomhach in 2024. Is é sin méadú 3.5% i gcomparáid le 2023.

D'eagraigh fiche a chúig limistéar CÁOC cuairteanna ó 302 Aoi-Ealaíontóir/Ensemble, a thug 712 cuairt ar an iomlán. Is méadú 38.5% é sin i gcomparáid le 2023.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan



## Cuspóir na gCuairteanna Ceoltóirí ar Cuairt

**Music Generation Chiarraí**
*Tionscadal Bannaí Ceoil Samhraidh*
Grianghraf le Deirdre Johnson





Music Generation Chontae na Gaillimhe
*Féile Cheoil Thraidisiúnta na Gaillimhe*
Grianghraf le Sean Lydon

# Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Soláthraíodh 4,635 uair an chloig d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach d'Oideoirí Ceoltóra laistigh de na limistéir CÁOC. Is méadú 22% é sin i gcomparáid le 2024.

**Na cineálacha oiliúna FGL is coitianta:**

- Pleanáil le haghaidh Cáilíochta
- Luathbhlianta
- Ceol pobail
- Oiliúint ar Cheannaireacht agus ar Bhainistíocht
- Feasacht ar Uathachas
- Oiliúint ar Chosaint Páistí
- Seisiún Oiliúna Charanga
- Garchabhair agus Céadfhreagróir Cairdiach
- Feasacht ar NHEA



Music Generation Chill Dara
*Banna Snagcheoil*

“Is féidir le daoine óga **iad féin a chur in iúl** trí na liricí agus tríd an gceol. Ní chaithfidh siad labhairt le duine ar bith. Is féidir leo é a chur in iúl ar an dóigh sin. Nuair a tháinig Music Generation go Corcaigh thart ar 12 bliain ó shin, bhí mé ar dhuine dá gcéad scoláirí agus anois tá oiliúint á cur orm anois chun bheith i **m’Oideoir Ceoltóra**.”

Aoife, Alumnus agus Oideoir Ceoltóra,
Music Generation Chathair Chorcaí



**Music Generation an Chláir**
*Ceolfhoireann Consairtín Éireann*
Grianghraf le Paul Corey

# We are Music Generation 2024

Ba bhliain shuntasach í 2024 maidir le teacht chun cinn Music Generation.

Sheolamar *We are Music Generation 2024* — bliain atá tiomnaithe do thionchar bunathraitheach an oideachais um cheol taibhithe ar shaol páistí agus daoine óga a cheiliúradh.

In 2024, ghlac páistí agus daoine óga ó phobail ar fud na hÉireann páirt in imeachtaí agus eispéiris cheoil inar ghlac siad páirt, ina sheinn siad ceol, agus ina roinn siad a ndúil mhór sa cheol.

## *Lá We are Music Generation - An Seoladh*

Chun an bhliain speisialta sin a sheoladh, reáchtálamar *Lá náisiúnta We are Music Generation* do phaistí agus do dhaoine óga. I mí an Mhárta 2024, ghlac 822 ceoltóir óg seilbh ar Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath le haghaidh féile lae ina raibh go leor léirithe agus eispéiris chruthaitheacha.




**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

Léiríodh os cionn 41 taispeántas ar cheithre stáitse i rith an lae, ag taispeáint meascán éagsúil de sheánraí agus stíleanna ceoil. Bhí gach sórt rud le feiceáil agus le cloisteáil ag an bhféile ó théaduirlisí clasaiceacha go rapcheol (as Gaeilge), bannaí snagcheoil go léirithe córúil, agus fiú traismhiotal, a bhuí le "Praelium" ó Music Generation Chathair Luimnigh. Taispeánann ann freisin roinnt bannaí ceoil a bhfuil gealladh fúthu, ina measc "Botanics" ó Music Generation Ros Comáin agus "Our Hearts" ó Music Generation na Mí. Le clár Trad Hub, faoi stiúir Music Generation Thiobraid Árann, cuireadh réimse seisiún, ceardlann agus agallamh ar fáil.

Bhí deis ag ceoltóirí óga chun páirt a ghlacadh i réimse ceardlann faoi stiúir ceoltóirí agus ealaíontóirí gairmiúla. D'fhorbair díograiseoirí cumtha amhrán a gceird faoi threoir Síomha agus Steve Ryan, agus rinne daoine eile iniúchadh ar dhomhan rithimeach na drumadóireachta Djembe le David Day. Rinne siad siúd a raibh suim acu i gcumadh liricí iniúchadh ar phéintéireacht focal leis an YouTuber, cumadóir agus pianódóir David Bennett.

D'óstáil The Kabin Studio ceardlanna rapcheoil agus chuir NOISE Music, seisiúin DJ ar fáil. Chuir Music Generation Cathair na Gaillimhe eispéireas tumtha ar fáil lena seomra Réaltachta Fíorúla agus d'éascaigh Pádraic Joyce spás chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceol cruthaitheach agus léirithe 'open mic'.

Chríochnaigh an lá le léiriú speisialta de *Hiccup*, píosa a chruthaigh an "Hiccup Collective". Bhí rapálaithe ann ó The Kabin Studio (Music Generation Cathair Chorcaí), seinnteoirí práis ó Music Generation Phort Láirge, agus grúpa gutha The Yellow Bellows ó Music Generation Loch Gorman.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan



Lá **We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

# Guth na hÓige i rith *We are Music Generation*

Bhí ról tábhachtach ag ceoltóirí óga i múnlú go leor gnéithe de *We are Music Generation*. Le linn 2023, chun ullmhú d'Imeachtaí Náisiúnta Music Generation 2024, bhí comhairliúcháin againn le páistí agus daoine óga ó chláir Music Generation lena chinntiú go raibh a nguthanna san áireamh. Bhí tionchar ag a gcuid ionchur ar phríomhghnéithe den cheiliúradh amhail teideal, céannacht bhranda, agus clársceidealú.

Forbraíodh céannacht bhranda an fheachtais *We Are Music Generation* le cuidiú ó thrí cheoltóir agus ealaíontóir óga. In 2023, sheolamar comórtas poiblí d'ealaíontóirí óga chun lógó an imeachta a dhearadh.

Roghnaíodh trí ealaíontóir a bhí ar an ngearrliosta — Klara Flanagan (Music Generation Lú), Abi Conroy O'Neill, agus Maebh Dimond (Music Generation Phort Láirge), chun comhoibriú le dearthóirí chun achoimre chomhchoiteann a chruthú don bhranda nua.

Tionóladh comhairliúcháin leis an óige freisin le Music Generation Chathair na Gaillimhe agus Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas chun clársceidealú agus róil an imeachta a mhúnlú. Ag an ócáid, ghlac ceoltóirí óga róil chumarsáide thábhachtacha, lena n-áirítear na meáin shóisialta, físghrafaíocht, MC a dhéanamh, agus agallaimh a chur.





“Ní féidir róbhéim a leagan ar thábhacht an **cheoil do pháistí**, agus an dóigh ar féidir leis a saol óg a athrú ó bhonn. Dá mbeadh mian amháin agam do pháistí na hÉireann, is é a bheadh ann go mbeadh **rochtain acu uile** ar léitheoireacht agus ar uirlis cheoil...”

An tUachtarán Michael D. Higgins, 2 Márta 2024

**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan



# Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht – Comhdháil Náisiúnta Music Generation

*Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht*, i gComhdháil Náisiúnta Music Generation tugadh le chéile comhpháirtithe náisiúnta ó chúrsaí ceoil, ealaíne agus oideachais chun machnamh a dhéanamh ar éachtaí Music Generation agus plé a dhéanamh ar thodhchaí na rochtana ar cheol in Éirinn.

Ceiliúradh leis an gcomhdháil turas agus tionchar Music Generation, ag tabhairt chun suntais ról tábhachtach ár gcomhpháirtithe tiomanta, ár bpáirtithe leasmhara, agus ár gcairde maidir le cuidiú linn ár misean a bhaint amach. Bhailigh comhpháirtithe ó réimsí éagsúla an cheoil, na n-ealaíon, an oideachais agus na hóige le chéile imeacht ag Caisleán Bhaile Átha Cliath.

D'oscail an tAire Oideachais, Norma Foley TD, an Chomhdháil Náisiúnta. Cuimsíonn ann plé ar fhorbairtí náisiúnta, tionchar na rochtana ar cheol trí ghuthanna páistí agus daoine óga, agus ról na healaíontachta san oideachas um cheol taibhithe.

> "Tá áthas an domhain orm gur tugadh cuireadh dom Comhdháil Náisiúnta Music Generation 2024 a oscailt, agus go raibh mé mar chuid de cheiliúradh éachtaí comhchoiteanna na bpáirtithe uile bhí páirteach in in Music Generationag maidir le ceol a sholáthar agus a chumadh dár bpáistí agus dár ndaoine óga ó bunaíodh é in 2010."
>
> An tAire Oideachais, Norma Foley TD



**Comhdháil Náisiúnta Music Generation**
*An tAire Oideachais, Norma Foley TD*
Grianghraf le Brian Farrell



**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht**
*Comhdháil Náisiúnta Music Generation*
*Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell

Áiríodh ar na nithe suntasacha ar an lá príomhóráidí ó **Martin Drury** agus an **Dr Patricia Flynn**, agus teachtaireacht físe ó **U2** ag athdhearbhú phríomhfhís na comhdhála — rochtain ar theagasc ceoil do gach páiste agus duine óg in Éirinn. Áiríodh ar chéad seisiún painéil an lae ionadaithe ón Roinn **Oideachais agus Óige, The Ireland Funds, Music Network, Comhairle na nEalaíon, Boird Oideachas agus Oiliúna** agus **Údaráis Áitiúla**.

Ionadaithe ó earnálacha na hóige, an cheoil agus na n-ealaíon ar son an chirt chun rochtain a fháil ar cheol agus ar na healaíona do chách. I measc na bpainéalaithe bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí, an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil, Alumni, Oideoirí Ceoltóra agus Oifigigh Forbartha Ceoil. Roinn iar-scoláirí de chuid Music Generation Chathair Chorcaí, **Cillian McSweeney** agus **Caoimhe Barry**, a léargas agus a n-eispéireas maidir le hoideachas cuimsitheach ceoil.

D'éist an lucht féachana/éisteachta le focail spreagúla ó na **Painéalaithe Óige, Tony** (Music Generation Laoise), **Eva** (Music Generation Mhaigh Eo), **Heidi** (Music Generation Chathair Chorcaí), **Nelvin** (Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath) agus **Fern Hope** (Music Generation Phort Láirge). D'inis siad a scéal faoin tionchar iontach atá ag an gceol ar a saol.

Ag deireadh na Comhdhála rinneadh léirithe an-speisialta ó **The SunFlowers** (grúpa de ghiotáraithe óga ón Úcráin ó Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall) agus **The Hiccup Collective** (Music Generation Cathair Chorcaí, Music Generation Port Láirge, Music Generation Loch Garman).



**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht**
*Comhdháil Náisiúnta Music Generation*
*Caisleán Bhaile Átha Cliath.*
Grianghraf le Brian Farrell

# Cruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóra

**Ceiliúrann Cruinniú Náisiúnta Music Generation Ról Oideoirí Ceoltóra maidir le Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol**

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bhailigh 209 Oideoir Ceoltóra le chéile in Galmont Hotel i nGaillimh, I e haghaidh imeacht a bhí tiomnaithe do thionchar iontach a gcuid oibre le páistí agus daoine óga ar fud na tíre a cheiliúradh.

Bhain na rannpháirtithe sult as gníomhaíochtaí praiticiúla lena ndearnadh iniúchadh ar theicnící teagaisc, lena n-áirítear taispeántais ar cheol VR a chumadh agus réamhrá ar scileanna agus cultúr DJanna. Leis na seisiúin sin, tugadh deis d'Oideoirí Ceoltóra smaointe nua a thriail, dea-chleachtais a roinnt, agus oibriú le chéile lena modhanna teagaisc a fheabhsú.

Rinne Oideoirí Ceoltóra cur i láthair ar théamaí a raibh ina measc **Breaking Social Barriers Through Music, Cruthaitheacht agus Cuimsitheacht a Chothú sa Seomra Ranga, Canadh do Gach Páiste: Turas Gutha, Folláine agus Aoibhnis** agus tuilleadh.

San imeacht, a d'oscail an **Dr Kathleen Turner**, bhí líon éascaitheoirí aoi-ealaíontóirí, ina measc **Martin Hayes, Alison Thomas, Chi-chi Nwanoku CBE, Kristina Arakelyan, Aga Serugo Lugo, Eimear McCarthy Luddy, Mandy Miller, Steve Ryan, Orla Dwyer (Little O),** agus **Abigail Mann-Daraz**. Roinn na healaíontóirí cumasacha sin, a bhfuil cáil orthu as an méid suntasach atá curtha acu leis an gceol agus leis an oideachas, léargas luachmhar a spreag na freastalaithe i rith an chruinnithe.



**Cruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóirí Music Generation**
Grianghraf le Brian Farrell

# We are Music Generation



In 2024, ghlac na mílte páiste agus duine óg ó phobail ar fud na hÉireann páirt i gceiliúradh *We Are Music Generation*. Gheobhaidh tú thíos buaicphointí na n-imeachtaí, na bhféilte, agus na n-eispéireas a óstálann CÁOCanna ar fud líonra Music Generation. **Féach ar chuid de na himeachtaí ar fud na tíre anseo**.

## Music @ Mount Leinster 2024

Music Generation Cheatharlach

Eispéireas cónaithe seachtaine do cheoltóirí óga traidisiúnta Éireannacha ó gach cearn den tír. Ghlac os cionn 100 rannpháirtí páirt i gceardlanna agus i léirithe faoi stiúir foireann ceoltóirí gairmiúla.

Féach ar an léiriú deiridh anseo.

## Comhoibriú an Chóir Lámh

Music Generation Chathair Chorcaí

Tionscadal comhoibríoch ina mbeidh ceoltóirí óga ó Scoil Speisialta Éanna agus ó Ghaelscoil an Ghort Álainn. Chomhoibrigh siad chun 'What a Wonderful World', le Louis Armstrong a chóiriú agus a thaifeadadh, ag cumasc ceoil agus teanga chomharthaíochta Lámh chun cruthaitheacht agus cuimsiú a cheiliúradh.

Féach ar a bhfíseán ceoil anseo.

## Clár Taifeadta agus Meantóireachta

Music Generation Chill Mhantáin

Tionscnamh forbartha ceoil ina scríobhann, trína ndéanann ceoltóirí óga a gcuid ceoil bhunaidh féin a scríobh, a thaifeadadh agus a léiriú. Le treoir ó cheoltóirí agus léiritheoirí seanbhunaithe, ghlac 45 rannpháirtí páirt i léiriú stiúideo praiticiúil. Fuair siad comhairle phraiticiúil maidir le léiriú, cóiriú, cur chun cinn agus margaíocht.

Éist le traic Ritalin "That's all Right" anseo.

## Cuireann MGGC i Láthair

Music Generation Chathair na Gaillimhe

Sraith léirithe beo i rith 2024, ina raibh ceoltóirí óga ar fud na cathrach páirteach. I measc na léirithe bhí Livefeed, Ceolfhoireann na dTaiscéalaithe Ceoil, Ceol sa Dúlra, Micreafón 'Open Mic' Óige Misléór do Chultúir Fánaíochta, Club Ceoil Gaeilge Oscailte agus Seisiúin Jeamála Óige Bailigí. Féach ar na grianghraif anseo.



## Cláirseach Music Generation Forbairt Comharghrúpa

D'oibrigh 45 cláirseoir óg ó Music Generations Laoise, Lú, Mhaigh Eo, agus Phort Láirge le chéile chun ceol nua a chumadh, faoi threoir an chumadóra Gráinne Meyer.
Faigh tuilleadh eolais faoin ensemble anseo.

## Cuireann Music Generation Cathair na Gaillimhe agus Foróige Go i láthair: Music Generation Fíorúil

Thacaigh an clár nuálach sin le daoine óga a bhí aonraithe go sóisialta trí Réaltacht Fhíorúil i spás digiteach cuimsitheach. Bhí foireann Oideoirí Ceoltóra agus Oibrithe Óige ó Fhoróige i gceannas orthu.

## Deireadh Seachtaine Chumadóirí Amhrán Bhaile na Coille

Music Generation Phort Láirge
Sa tearmann cumtha amhrán sin, cruthaíodh spás do lucht óg na n-ealaíon chun cumadh amhrán agus cumadh liricí agus an próiseas cruthaitheach a iniúchadh. Bhí siad á dtreorú ag foireann Oideoirí Ceoltóra agus aoi-ealaíontóirí.



## Féile Mhaigh Eo – Féile Cheoil don Aos Óg

Music Generation Mhaigh Eo
Féile Cheoil don Aos Óg arna comhdhearadh ag comhairle ina raibh dó dhéag páistí agus duine óga ó gach cearn den chontae. Áiríodh ar an gclár comórtas buscála, ceardlanna luathbhlianta agus imeachtaí ceoil do dhaoine óga. Éist le baill chomhairle na n-óg anseo agus anseo.

## Sounds of Semple

Music Generation Thiobraid Árann
Leis an tionscadal sin, tugadh le chéile 200 páiste bunscoile chun 'ceolfhoireann chamáin' a bhunú, ag déanamh uirlis cheoil de chamán. D'oibrigh na páistí le Peter O'Toole ó The Hot House Flowers chun aintiún a chumadh ar ar thug siad an 'Tipperary Hurling Haka'.
Féach ar a bhfíseán ceoil anseo.

## Jam@TheSquare

Music Generation Shligigh
Lena gcomóradh 10 mbliana a cheiliúradh, sheol Music Generation Shligigh an comórtas Jam@TheSquare i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Shligigh. Chuaigh ceoltóirí óga san iomaíocht le haghaidh trealamh ceoil dar luach €1,000 agus an deis chun seinm ar an Gig Rig ag Féile na Banríona Maeve.

## Music at the Malthouse

Music Generation Laoise
Ceiliúradh leis an tsraith ceolchoirmeacha sin os cionn deich mbliana de cheol bunaidh a chruthaigh ceoltóirí óga in éineacht le haoi-ealaíontóirí aitheanta. Chuathas siar ar na saothair sin a rinneadh roimhe seo agus rinne 195 ceoltóir traidisiúnta óg iad a léiriú in éineacht le haoi-ealaíontóirí.
Féach ar cheann de na léirithe anseo.



## Ceolfhoireann Consairtín Éireann

Music Generation an Chláir

Sa léiriú sin ag Glór in Inis bhí Ceolfhoireann Consairtín Éireann, NOTIFY, Cormac McCarthy, agus Ceolfhoireann Consairtín Music Generation an Chláir. Thar thréimhse seacht mí, d'oibrigh an grúpa ar cheol bunaidh nua, lena n-áirítear píosa leis an gcumadóir cáiliúil Bill Whelan.

Faigh tuilleadh eolais sa chlár faisnéise gearr anseo.

## SingFest

Music Generation na hIarmhí

Imeacht ceoil chórúil dhá lá a bhí in SingFest faoi stiúir Patrick Barrett ó Sing Ireland i gcomhpháirtíocht le Music Generation Uíbh Fhailí. Ghlac os cionn 1,800 páiste bunscoile páirt ann, le tacaíocht ó fhoireann Oideoirí Ceoltóra in Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Baile Átha Luain.

Féach tuilleadh faoi SingFest anseo.

## Everyone

Music Generation Loch Gorman

Ceiliúradh leis an imeacht mór léirithe sin i bPáirc Chadwicks, Loch Garman, cláir bhunscoileanna Music Generation Loch Garman. Thug sé gach duine le chéile le haghaidh eispéireas uathúil cumtha ceoil, faoi stiúir foireann Oideoirí Ceoltóra. Bhí banna beo, amhránaithe óga ó Yellow Bellows, agus an grúpa cnaguirlisí Ceilteach ard-fhuinnimh, Extreme Rhythm, ar an stáitse leo freisin.

Léigh tuilleadh faoi Everyone anseo.

## One Day in May

Music Generation Chathair Luimnigh

Imeacht ceoil lae i Lárionad Ceoil Bheo Dolans ina raibh ceoltóirí aonair, bannaí ceoil, amhránaithe agus rapálaithe ó gach áit in Éirinn. Rinneadh 35 léiriú ar thrí stáitse inar taispeánadh réimse leathan seánraí lena n-áirítear Rac-cheol, Punc, Miotal Trom, Na Gormacha, Ceol Tíre agus Ceol Leictreonach.

## SingUP

Music Generation Liatroma

Leis an imeacht 'Sing Up', tugadh le chéile meánscoileanna ó Chontae Liatroma chun amhráin a foghlaimíodh sa seomra ranga a sheinm. Bhí sé faoi stiúir Patrick Barrett ó Sing Ireland. Mar chuid den chlár, d'éirigh le beirt amhránaithe in éisteacht do Champa Samhraidh Oiliúna Chór Óige na hÉireann, le tacaíocht ó Music Generation Liatroma agus Sing Ireland.

Féach tuilleadh faoi SingUP anseo.

## The Magical Musical Box – Seó Puipéad Ceoil

Music Generation Liatroma

Seó puipéad ceoil ba ea The Magical Musical Box a scríobh na hOideoirí Ceoltóra Niko agus Christina Ginter. Dearadh é do pháistí óga agus cuireadh i láthair é mar chuid de chlár na mbunscoileanna i Liatroim. Féach ar shliocht as The Magical Musical Box anseo.

## Féile Fearann Rí 2024

Music Generation Chathair Chorcaí

Féile cheoil thraidisiúnta Éireannaigh agus ceoil Tíre a raibh ceolchoirm chomórtais, ceiliúradh lae ar chultúr an Lucht Siúil, agus deiseanna cumtha ceoil do dhaoine óga mar chuid di. I measc na n-Aoi-ealaíontóirí Cónaithe bhí Muireann Nic Amhlaoibh, Dónal O'Connor, Thomas McCarthy, agus Niamh Dunne.

Féach ar an léiriú deiridh anseo.

## Comhoibriú Music Generation Cheatharlach le Féile Ealaíon Cheatharlach

Bhí os cionn 100 ceoltóir agus banna óg ar an stáitse ag Ardán Ceoil O'Hara ag Féile Ealaíon Cheatharlach. Bhí ceithre bhanna ó Chlár Forbartha Bannaí Cheatharlach de chuid Music Generation ar an gclár, a sheinn a gcuid amhrán bunaidh.

## Harmony in Diversity

Music Generation an Longfoirt
Tugadh le chéile leis an tionscnamh sin grúpaí ó chlár Rac-Cheoil agus Popcheoil, Ceoil Thraidisiúnta, Ceoil Romaigh, agus Ceoil Afracaigh Music Generation an Longfoird chun cultúir cheoil éagsúla a cheiliúradh. Chríochnaigh an clár 8 seachtaine le ceolchoirm chomhoibríoch in Eaglais Naomh Eoin sa Longfort, inar cuireadh éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn i suíomh tuaithe.

## Corda Connections 2024

Clár cónaitheach samhraidh ceithre lá do théadseinnteoirí óga ó Music Generation Chiarraí, Music Generation Lú agus Ceolfhoireann Óige Chomhlachas na hÉireann. Dhírigh an clár ar sheinm ensemble téaduirlisí clasaiceacha agus chríochnaigh sé le léiriú beo a craoladh ar líne.
Buail leis na ceoltóirí óga anseo.

## SoundCrowd '24

Ghlac grúpa de 58 seinnteoir óg gaothuirlisí, uirlisí práis agus cnaguirlisí ó Music Generation Phort Láirge agus Music Generation Cheatharlach páirt i gclár cónaitheach ceithre lá cumtha ceoil. Dhírigh an clár ar na gormacha, snagcheol, agus punc, agus chríochnaigh sé le léiriú deiridh in Amharclann Ríoga Chathair Phort Láirge.
Faigh tuilleadh eolais faoi SoundCrowd '24 anseo.

## Ceoil Óige SubSounds Féile 2024

Bhí ceoltóirí óga, bannaí ceoil agus DJanna ó Music Generations Chathair Bhaile Átha Cliath, Fhine Gall, Chill Dara, na Mí, Bhaile Átha Cliath Theas agus Chill Mhantáin i láthair ag an bhféile lae amuigh faoin aer sin. Chomh maith le bheith ag seinm, ghlac na rannpháirtithe róil thábhachtacha amhail bainistíocht stáitse, grianghrafadóireacht agus MC a dhéanamh.
Éist le heispéiris na gceoltóir óga anseo.

## Tionscadal Bannaí Ceoil Samhraidh

Music Generation Chiarraí
Leis an gclár cúig lá seo, tugadh deis do cheoltóirí agus do bhannaí ceoil óga a gcuid scileanna léirithe a fheabhsú. D'fhoghlaim siad faoi chumadh agus faoi thaifeadadh amhrán trí cheardlanna agus trí sheisiúin stiúideo freisin.
Féach tuilleadh faoin tionscadal sin anseo.

## Comhaltas Fleadh Cheoil na hÉireann 2024

Bhí os cionn 300 ceoltóir óg ar an stáitse i gCruinneachán Chomhar Creidmheasa Loch Garman in dhá cheolchoirm. *Ceiliúradh Music Generation Lá* agus *Ceiliúradh Music Generation Oíche*. Bhí na grúpaí agus ensemble ceoil thraidisiúnta a sheinn ó cheantair Music Generation, lena n-áirítear Ceatharlach, an Cabhán/Muineachán, Cill Chainnigh, Laois, Lú, Maigh Eo, an Mhí, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin.
Féach ar an gclár iomlán anseo.

## NASC '24

In 2024, d'fhorbair Music Generation Lú, an Chabhán/Mhuineacháin, agus na Mí comhoibriú réigiúnach ceoil tíre le Comhaltas Ceoltóirí Éireann. D'oibrigh comharghrúpa cumaisc ceoil thraidisiúnta ina raibh 80 ball leis an gcumadóir agus aoi-ealaíontóir Lisa Canny chun ceol bunaidh a chruthú. Seinneadh a saothar nua ag Comhaltas Fleadh Cheoil na hÉireann agus taispeánadh é le linn Oíche Chultúir.
Féach tuilleadh faoi NASC anseo.

## Ceiliúradh Mór! Féile ar Camchuairt

Tháinig oideoirí ceoltóra agus ceoltóirí óga ó réimse bunscoileanna agus meánscoileanna le chéile le haghaidh sraith Big Gigs faoi stiúir Music Generation Uíbh Fhailí i mBiorra, Éadan Doire, agus Tulach Mhór. Athmhúnlaíodh an chlasaic T-Rex Children of the Revolution go *We Are Music Generation* agus bhí sé ina aintiún d'imeachtaí Ceiliúradh Mór.
Féach ar ghrianghraif den léiriú deiridh anseo.

## The Big Busk

Music Generation Chontae Luimnigh
Imeacht ceoil bheo faoi stiúir daoine óga a bhí in "The Big Busk" ag Caisleán stairiúil Desmond sa Chaisleán Nua. Tugadh le chéile leis rannpháirtithe óga ó Music Generation Chontae Luimnigh, Foróige agus Seirbhísí Óige áitiúla.
Féach ar bhuaicphointí ón imeacht anseo.

## Cláirseach + Píoba Tionól 2024

Is é "Tionól" an t-aon fhéile ar domhan atá tiomnaithe do Chláirseacha agus Píoba faoi stiúir Music Generation Laoise. Rinne os 170 ceoltóir píosa ceoil nua dar teideal *Hook Head*, arna chumadh ag Chris Stout agus Catriona McKay, a thaibhiú den chéad uair. Bhí cláirseoirí agus píobairí óga ó Music Generations Lú, Mhaigh Eo, Phort Láirge, an Chabháin/Mhuineacháin, Laoise, agus ceoltóirí ar cuairt ó Ghlaschú páirteach sa léiriú.
Féach ar an gceolchoirm iomlán anseo.

## Féile Ceoil Thraidisiúnta na Gaillimhe agus Le Chéile

D'óstáil Music Generation Chontae na Gaillimhe an fhéile seachtaine sin, inar cuimsíodh léirithe ardleibhéil ceoil thraidisiúnta Éireannacha i gcomhar le ceoltóirí óga agus ealaíontóirí aoi.

Bhí ceolchoirm cheiliúrtha "Le Chéile" mar chuid den fhéile a thug breis agus 200 taibheoir óg le chéile ag Ollscoil na Gaillimhe. Chuir an cheolchoirm an Cheolfhoireann Thraidisiúnta Óige "We Are Music Generation" i láthair ina gcuimsítear cheoltóirí óga ó limistéir Music Generation lena n-áirítear Contae na Gaillimhe, Ciarraí, Laois, Cill Mhantáin agus Port Láirge. Sheinn siad le haoi-ealaíontóirí a raibh ina measc Sharon Shannon, Niall McCabe, Beoga, Nathan Pilatzke, Bláithín & Nell Ní Mhainín, Augustina Taborda agus Oideoirí Ceoltóra Niall Teague, Martina Flaherty agus Fionnuala Hannigan. Craoladh an cheolchoirm ar TG4 in 2025.
Féach ar chuid de na buaicphointí anseo.

## Skool Brass and Wind Power

Comhpháirtíochta um Oideachas Ceoil Dhún na nGall Leis an tionscadal sin cuireadh prásuirlisí isteach i gceithre bhunscoil sna Gleannta. Tugadh ceachtanna struchtúrtha, teagasc praiticiúil, agus eispéireas ensemble do na páistí. Ba iad David Whaley agus Vincent Kennedy agus an Dr Shaun Ryan a threoraigh agus a d'éascaigh é.
Féach ar na grianghraif anseo.





# Buaicphointí na gClár ó gach Cearn den Tír

**Music Generation an Chabhháin/Mhuineacháin**
*Music on Wheels*
Grianghraf le Sandra McIntyre

## Ceatharlach

Sheol Music Generation Cheatharlach a "Chlár Forbartha Bannaí", lena dtugtar deis do cheoltóirí óga bannaí ceoil a bhunú, ceol bunaidh a chruthú, agus léiriú beo a dhéanamh, faoi threoir Oideoirí Ceoltóra seanbhunaithe. Seoladh an clár mar chlár ar bhonn píolótach ar dtús, ach roimh i bhfad bhí an clár ina chuid lárnach d'fhís Cheatharlach maidir le conairí ceoil inrochtana an clár. Ag tógáil ar rath an "Chláir Encore do Bhunscoileanna", ina tugadh isteach uirlisí Popcheoil/Rac-cheoil, soláthraíodh leis an "gClár Forbartha Bannaí" conaire shoiléir idir cheachtanna sa seomra ranga agus deiseanna bannaí pobail. Faoi dheireadh 2024, bhí ceithre bhanna ceoil bunaithe, agus iad ar an stáitse ag mórimeachtaí áitiúla amhail Féilte Ealaíon Cheatharlach agus Féilte an tSeandúin. Cumhachtaíodh ceoltóirí óga leis an gclár, ag cur lena muinín, lena gcruthaitheacht agus lena n-obair foirne trí eispéiris léirithe beo sa saol mar atá.

## An Cabhán/Muineachán

Bhí comhoibriú féile faoi stiúir Music Generation an Chabhháin/Mhuineacháin leis an mbanna Éireannach *The Whistlin' Donkeys*, ina dtugadh le chéile142 ceoltóir óg ón réigiún. Rinne na ceoltóirí óga taibhiú i léiriú físe speisialta lenar ceiliúradh pobal agus obair foirne ar fud chláir an Chabhháin/ Mhuineacháin. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal eispéiris luachmhara foghlama a chur ar fáil, lenar tugadh deis do na ceoltóirí óga an próiseas iomlán a bhaineann le físeán ceoil a chruthú a fheiceáil ó chleachtaí go taifeadadh. Féachadh leis an tionscadal a ngrá don cheol a neartú agus a thaispeáint conas is féidir leis an gceol daoine a aontú agus inspioráid a thabhairt dóibh. I gcás mórán acu, ba é a gcéad léargas é ar an saol sa chúlra i léiriú ceoil, rud a thug tuiscint níos leithne dóibh ar an ealaíontacht taibhithe.
Féach ar a bhfíseán ceoil anseo.

## An Clár

Reáchtáil Music Generation an Chláir a "Mhol Ceoil i nDiaidh na Scoile" i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Tugadh deis leis na Moil sin do pháistí agus do dhaoine óga ceol a thriail in áit spraíúil, chairdiúil i rith na scoilbhliana. Ag gach mol, rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar uirlisí agus ar stíleanna ceoil éagsúla, idir amhráin thraidisiúnta Éireannacha agus amhráin chomhaimseartha. Fuair siad tacaíocht ó fhoireann oideoirí ceoltóra oilte agus spreagúla. Cé acu an raibh siad ag strumáil giotáir, ag seinm na fidile, ag coinneáil buille ar na drumaí, nó ag canadh, tugadh spás do dhaoine óga chun muinín a chothú agus sult a bhaint as an bhfoghlaim.

Chríochnaigh an bhliain le léirithe inar roinn ceoltóirí óga a gcuid ceoil lena dteaghlach, lena gcairde agus leis an bpobal i gcoitinne. Chuidigh an clár le ceol a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine óga ar fud Chontae an Chláir trí mhoil a bhunú sa tSionainn, Cill Rois, Inis, Inis Díomáin, agus Cill Dalua.

## Cathair Chorcaí

Thaibhigh Music Generation Chathair Chorcaí "Music s Our Home" den chéad uair ag Cruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí Roinn an Taoisigh. Ba iad ochtar ceoltóirí óga ó chláir Music Generation Chathair Chorcaí i Machain, Baile na mBocht agus Cnoc na hAoine a chruthaigh an píosa bunaidh sin, agus a reáchtáladh i gcomhpháirtíocht le Foróige. Cruthaíodh an píosa don imeacht agus forbraíodh é le linn cleachtaí seachtainiúla agus seisiúin cumtha amhrán roimh an gcruinniú mullaigh. Tacaíonn a théamaí leis an gceart chun rochtana agus cuimsithe do gach páiste in Éirinn inniu. D'oscail an Taoiseach Simon Harris an cruinniú mullaigh, a tionóladh Déardaoin an 23 Bealtaine agus dhírigh sé ar bhealaí chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus folláine a fheabhsú ar fud na hÉireann.
Féach ar an léiriú anseo.



**Music Generation dlr**
*Tionscadal Ceoil Crosscare*
Grianghraf le Long Lost Designs

## Dún Laoghaire — Ráth an Dúin

Rinneadh Music Generation DLR a athsheoladh lena phríomh-chomhpháirtí DDLETB. I mí an Mheithimh 2024, ceapadh Oifigeach Forbartha Ceoil. Sna chéad sé mhí, d'fhostaigh an clár Oideoirí Ceoltóra agus Riarthóir agus chríochnaigh sé treoirthionscadal i dtrí ionad óige agus pobail.

I gcomhpháirtíocht le Crosscare, reáchtáil Music Generation dlr clár 8 seachtaine de chumadh amhrán agus léiriú ceoil a dhírigh ar chruthaitheacht agus ar fhéin-léiriú tríd an gceol. Tugadh deis leis an gclár do dhaoine óga ó Áth an Ghainnimh, ó Chill an Chrosaire, agus ó Gharrán Cnó chun iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíocht cheoil agus uirlisí ceoil ar nós giotáir, dordghiotáir, drumaí agus gléasanna. Le tacaíocht ó Oideoirí Ceoltóra, thaifead agus mheasc an grúpa amhrán a léirigh a n-eispéiris phearsanta agus a stíleanna uathúla.
Féach tuilleadh anseo.

## Cathair Bhaile Átha Cliath

Sheol Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath a chéad champa bannaí, “The DC Sounds Bandcamp”, i gcomhpháirtíocht le Bohemians FC, BIMM Institiúid BIMM Baile Átha Cliath, Musicmaker, agus ionad The Grand Social. Thacaigh an clár dhá sheachtain, a d’oibrigh le bannaí áitiúla ar nós RockJam agus Gradam Ceoil Óige na hÉireann, le cúig bhanna atá ag teacht chun cinn. Chríochnaigh sé le gig a díoladh amach do na bannaí agus a dteaghlaigh, rud a léirigh rath mór. Tá pleananna i bhfeidhm chun an clár a fhás an bhliain seo chugainn. Tá pleananna i bhfeidhm chun an clár a fhorbairt agus a leathnú an bhliain seo chugainn. Féach ar léargas de DC Sounds anseo.

## Fine Gall

Sheol Music Generation Fhine Gall a "Mhol Teagaisc" i Sord, ag soláthar oideachas gutha agus uirlise do dhaoine óga idir 6 agus 18 mbliana d'aois i limistéar Fhine Gall. Cuireadh oideachas ceoil inacmhainne, ardchaighdeáin ar fáil leis an gclár trí cheachtanna i ngrúpaí beaga in oiliúint gutha agus uirlisí ceoil éagsúla, lena n-áirítear giotár, méarchlár, veidhlín, ucailéile, agus drumaí. Faoi stiúir Oideoirí Ceoltóra seanbhunaithe, bhog gach rang ar a luas féin, ag cuidiú leis na scoláirí scileanna ceoil agus sóisialta a fhorbairt amhail cumarsáid agus féinmhuinín. Chun tacú tuilleadh leis an gclár, thug Music Generation Fhine Gall banc uirlisí ceoil agus scéim cíosa isteach, lena gcuirtear ar chumas na rannpháirtithe uirlisí ceoil a fháil ar cíos ar chostas laghdaithe, rud a fhágann go bhfuil oideachas ceoil níos inrochtana do theaghlaigh.

## Cathair na Gaillimhe

Sheol Music Generation Chathair na Gaillimhe “Youth Lates”,sraith imeachtaí ceoil ar bhonn píolótach do dhaoine óga, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Obair d'Ógra Éireann i gCathair na Gaillimhe, Comhairle na nÓg, agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe | Amharclann Oileán Altanach. Chuir an clár spás sábháilte, tarraingteach ar fáil do dhaoine óga chun bheith mar chuid d’eacnamaíocht oíche na Gaillimhe. Cuimsíodh sa tsraith oícheanta ‘open mic’ do cheoltóirí, filí agus taibheoirí ardaidhmeannacha (idir 16-19 mbliana d’aois). Bhí taispeántais ceoil bheo, seiteanna DJ ó DJanna óga áitiúla, léirithe ó aíonna speisialta, agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha amhail caifé ceardaíochta agus Dungeons and Dragons ann freisin. Féach tuilleadh faoi "Youth Lates" anseo.

## Contae na Gaillimhe

Stiúir Oideoirí Ceoltóra Music Generation Chontae na Gaillimhe ag Coláiste an Eachréidh, gaelscoil GRETB i mBaile Átha an Rí. Bhain an clár le cuid de na hamhráin is cáiliúla de chuid *The Saw Doctors* a aistriú go Gaeilge. Chríochnaigh sé le cuairt ar an scoil ó Leo Moran, bunaitheoir, amhránaí agus cumadóir amhrán le *The Saw Doctors*. D’éist sé lena gcuid amhrán i nGaeilge agus chuaigh sé ar stáitse leis na scoláirí os comhair phobal na scoile. Féach tuilleadh anseo.



**Music Generation Fhine Gall**
*Mol Teagaisc Shoird*
Grianghraf le Ailbhe Kelly

## Ciarraí

In 2024, lean Music Generation Chiarraí lena "Oidhreacht Traidisiúnta Ensemble", atá comhdhéanta de 45 ceoltóir óg cumasach. Ceiliúrann agus caomhnaíonn an grúpa stíl uathúil cheoil thraidisiúnta Shliabh Luachra, atá dúchasach do Chontae Chiarraí. Faoi stiúir an Oideora Ceoltóra iomráitigh Michelle O'Sullivan, cuireann an ensemble fáilte roimh seinnteoirí ag gach leibhéal ag cruthú spás cuimsitheach, tacúil chun rudaí a fhoghlaim agus a chomhroinnt ann.

Ghlac an ensemble páirt i bhFéile Traidisiúnta na Gaillimhe i mbliana, agus bhí siad ar an stáitse in éineacht le healaíontóirí aitheanta amhail Sharon Shannon, Niall McCabe, agus Beoga. Chomh maith leis sin, bhí siad ar an stáitse le breis agus 100 ceoltóir óg ó Music Generation Chontae na Gaillimhe, Chill Mhantáin, Phort Láirge agus Laoise le haghaidh léiriú mór comhoibríoch.

Níos gaire don bhaile, sheinn "Oidhreacht" ar fud Chiarraí agus bhí sé ina ghné-alt sna meáin áitiúla. Léiríonn a gcuid ceoil fuaimeanna beoga Shliabh Luachra, idir pholcaí fuinniúla agus sleamhnáin agus fhoinn mhalla léiritheacha, ag cinntiú go leanann ceol traidisiúnta Chiarraí ag fás. Féach ar an ensemble ag seinm le chéile anseo.



## Cill Chainnigh

Ba thionscadal córúil comhoibríoch é "Brigid Sings", a cruthaíodh i gcomhpháirtíocht idir Music Generation Chill Dara, Sing Ireland agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara, mar chuid de 1,500 ócáid cheiliúrtha Bhríde i gContae Chill Dara. Tugadh le chéile leis an tionscadal cúig amhránaí-chumadóir amhrán ban ó Chill Dara chun cúig amhrán bunaidh a chruthú faoi Bhríd, faoina saol agus faoina hoidhreacht. Roinneadh na hamhráin sin, mar aon le léaráidí agus acmhainní ón ealaíontóir áitiúil Laura Dempsey, le gach bunscoil sa chontae. Cuireadh ceardlanna ar fáil do scoileanna freisin faoi stiúir Oideoirí Ceoltóra Music Generation Chill Dara, éascaitheoirí Sing Ireland, agus ealaíontóirí tionscadail. Ghlac os cionn 2,400 ceoltóir óg páirt ann, agus ghlac 121 taibheoir páirt sa cheolchoirm dheireanach in Ardeaglais Bhríde, Cill Dara.
Faigh tuilleadh eolais faoi Brigid Sings anseo.

## Cill Chainnigh

Sheol Music Generation Chill Chainnigh "Song Collective", clár cumtha amhrán agus meantóireachta bannaí a dearadh chun tacú le ceoltóirí óga. Threoraigh an clár na rannpháirtithe óna gcéad smaointe go léiriú beo. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh daoine óga a chumhachtú leis na huirlisí agus an mhuinín chun beocht a chur ina bhfíseanna ceoil. Buaicphointe ba ea rannpháirtíocht an amhránaí-cumadóra amhrán Robert Grace, a rugadh i gCill Chainnigh, a roinn léargas an tionscail agus a spreag rannpháirtithe lena thaithí D'oibrigh ceoltóirí óga idir 13 agus 18 mbliana d'aois le meantóirí i gceardlanna a dhírigh ar chumadh amhrán, fonn, liricí, léiriú, agus léiriú ceoil.

Lean an clár próiseas 'síol go stáitse' ag aistriú smaointe nádúrtha go hamhráin iomlána. Chríochnaigh an clár le léiriú beo ag Drum Youth Centre agus eisiúint EP ar mhórardáin sruthaithe i gcomhpháirtíocht le Foróige.
Éist lena dtraiceanna bunaidh anseo.

# Laoise

Sheol Music Generation Laoise "Cór Pobail Laoise", cór idirghlúine atá oscailte do dhaoine atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Agus os cionn 150 ball ó chúlraí éagsúla sa chór, thairg sé ballraíocht saor in aisce, le tacaíocht ó Oideachas Pobail BOOLUF agus Éire Shláintiúil trí Chomhairle Contae Laoise. Bhí a gcéad léiriú ag an gcór ag oscailt oifigiúil an Dúin, spás léirithe nua lasmuigh ag Ionad Ceoil Laoise i mí Iúil 2024. Bhí an léiriú sin ina ócáid shuntasach don chór, ag léiriú thallann agus an spiorad pobail a bhall.
Féach ar an léiriú anseo.

# Liatroim

Sheol Music Generation Liatroma a chéad "SingUP" meánscoileanna i gcomhar le Sing Ireland. Tháinig meánscoileanna ó gach áit i gContae Liatroma le chéile chun stór amhrán a foghlaimíodh sa seomra ranga a sheinm. Ba é Patrick Barrett, Stiúrthóir Chór Óige na hÉireann faoi Oiliúint, a stiúir an t-imeacht. Mar chuid den chlár, roghnaíodh dhá amhránaí trí éisteacht do Champa Samhraidh Oiliúna Chór Óige na hÉireann, a tionóladh in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh. D'urraigh Music Generation Liatroma agus Sing Ireland urraíocht na scoláirí sin. Ba as Scoil Phobail Mhaothla agus ó Ghairmscoil Dhroim Seanbhó na rannpháirtithe rathúla.
Féach ar ghrianghraif den imeacht anseo.

# Contae Luimnigh

Sheol Music Generation Chontae Luimnigh a "Mol don Óige Chruthaitheach" i Mainistir na Féile, Contae Luimnigh, ag cur seisiúin sheachtainiúla ar fáil do scoláirí meánscoile. Dhírigh na seisiúin ar foghlaim uirlisí, ceol digiteach a chruthú, agus ceol bunaidh a chruthú, agus béim ar fhorbairt pobail tríd an gceol agus tríd an gcruthaitheacht. Sna chéad chúpla mí, d'fhás an grúpa go 15 rannpháirtí óga, agus bhunaigh roinnt acu grúpaí beaga agus thug siad faoi thionscadail cheoil aonair. Is comhiarracht é an Mol don Óige Chruthaitheach idir Music Generation Chontae Luimnigh, Foróige, C.A.R.A. (Creative Arts Raising Abbeyfeale), agus Oifig Ealaíon Luimnigh. Leanann an tionscnamh le tallann agus cruthaitheacht cheoil a chothú i measc daoine óga i Mainistir na Féile.
Féach tuilleadh anseo.



**Music Generation Chathair Luimnigh**
*One Day In May*
Grianghraf le Dominik Kosicki

## Contae Luimnigh

Lean Music Generation Cathair Luimnigh lena gclár "Saturday Sessions", inar cuireadh meantóireacht, tacaíocht agus spás seachtainiúil ar fáil do chumadóirí amhrán, léiritheoirí, rapálaithe, amhránaithe agus bannaí ceoil óga chun an ceol a theastaigh uathu a chruthú a dhéanamh. Bhí rochtain saor in aisce ag na rannpháirtithe ar an gclár agus d'oibrigh siad i dtimpeallacht chomhoibríoch a spreag iad teacht ar a nguth féin agus sult a bhaint as ceol a chumadh le chéile. Le linn na bliana, cuireadh roinnt deiseanna léirithe ar fáil, lena n-áirítear léiriú ag One Day in May. Gach seachtain, chríochnaigh na seisiúin le léirithe 'taispeáin agus inis' piaraí, inar thaispeáin ceoltóirí óga saothar ardchaighdeáin, bunaidh agus barántúil.

## An Longfort

Stiúir Music Generation an Longfoirt "Unplugged in St John's", ceolchoirm uathúil ina raibh ceoltóirí óga ó chláir "Sounds" agus "Band Jam" Music Generation Longford. Sheinn na ceoltóirí óga leaganacha simplí, díphlugáilte, fuaimiúla de na hamhráin rac-cheoil agus popcheoil b'ansa leo. Leis an taispeántais, tugadh deis do na ceoltóirí óga fás mar cheoltóirí, ag foghlaim conas amhráin a chóiriú lena n-oiriúnú do léiriú fuaimiúil. Bhí an ceolchoirm ar siúl in Eaglais Naomh Eoin i mí na Nollag 2024, agus bhí réimse leathan míreanna ann, lena n-áirítear damhsa Gaelach agus roinnt amhráin fhéiltiúla.

## Lú

Le clár cheolfhoireann téaduirlisí Music Generation Lú, faoi stiúir Davide Forti agus Francesca De Nardi, cuirtear oiliúint inacmhainne ar fáil gach bliain do sheinnteoirí téaduirlisí óga de gach aois agus gach leibhéal scile. In 2024, bhí os cionn 60 ceoltóir óg ag cleachtadh agus ag léiriú leis an gclár seo. I mí Lúnasa 2024, chuaigh an "Senior String Orchestra" ar camchuairt san Iodáil, ag seinm den chéad uair in Belluno ag Nevegal Sanctuary. Lean an chamchuairt ar aghaidh in Trieste, áit a ndeachaigh an cheolfhoireann i gcomhar le CVS Cantaré Luciano De Nardi ag Eaglais San Gerolamo chun comóradh 50 bliain a chóir a cheiliúradh. Bhain an lucht féachana sa séipéal agus na céadta breathnóir ar líne taitneamh as an léiriú.
Faigh tuilleadh eolais anseo.



**Music Generation Lú**
*Clár Téaduirlisí Clasaiceacha*
Grianghraf le Gemma Murray

# Maigh Eo

Lean Music Generation Mhaigh Eo le "The Core", clár lena gcuirtear seisiúin ceoil sheachtainiúla ar fáil do dhaoine óga idir 12 agus 18 mbliana d'aois i mBéal an Átha, Contae Mhaigh Eo. Ghlac rannpháirtithe páirt i seisiúin chun crochadh thart agus ceol a chumadh le chéile, chomh maith le seisiúin taifeadta agus léiriúcháin, tobchumadóireacht, agus cumadh amhrán. Bhí an t-atmaisféar cairdiúil, dearfach, suaimhneach agus spreagúil. Tugadh ardán do dhaoine óga lena gcuid ceoil a léiriú agus a roinnt. Bhí fáilte roimh thaibheoirí as gach seánra idir 12 agus 18 mbliana d'aois páirt a ghlacadh ann nó teacht le chéile agus tacú le daoine eile. In 2024, ghlac ceoltóirí óga páirt i seisiúin rialta 'open mic' freisin, ina bhfuair siad blaiseadh dá gcéad léirithe beo i suíomh suaimhneach i stíl chaifé. Féach ar cheann dá n-amhráin bhunaidh anseo.

# An Mhí

Reáchtáil Music Generation na Mí a dtionscadal "Roadshow" ar bhonn píolótach. Thug foireann de cheathrar ceoltóirí camchuairt ar bhunscoileanna, agus sholáthair siad seó spraíúil, idirghníomhach don scoil ar fad, amuigh faoin aer sa chlós súgartha de ghnáth. Thug an seó 45 nóiméad neart deiseanna do pháistí chun bheith ag canadh agus ag damhsa. Tugadh cuairt ar 18 scoil ar an iomlán, agus bhí an-rath ar an tionscadal. Tiocfaidh an Roadshow ar ais le haghaidh camchuairt eile i samhradh na bliana 2025. Féach tuilleadh anseo.



**Music Generation an Longfoirt**
*Ensemble Ceoil Thraidisiúnta*
Grianghraf le Rachel Berry

# Uíbh Fhailí

Stiúir Music Generation Uíbh Fhailí "Breaking Social Barriers Through Music", clár ceoil samhraidh do dhéagóirí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach i mBiorra, Contae Uíbh Fhailí. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal spás sábháilte a thabhairt do dhéagóirí i Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta chun ceol agus teicneolaíocht cheoil a iniúchadh.

Thar sé seachtaine, d'fhoghlaim na rannpháirtithe conas Veidhlín, Cordveidhil, Méarchlár agus uirlisí Rithime a sheinm, agus chruthaigh siad tionscadal beag. Rinne siad iniúchadh ar theicneolaíocht cheoil chomh maith, ag baint úsáid as ríomhairí glúine, méarchláir Midi, agus ceapacha cnaguirlisí digiteacha chun línte cnaguirlisí agus ceolmhara a chruthú, ag cur guthanna leis le micreafón. Chruthaigh na rannpháirtithe rap bunaidh lena chur le saothar nua. Faoi dheireadh an chláir, léirigh roinnt rannpháirtithe suim i dtabhairt faoin gceol ar an meánscoil agus bhí súil acu go mbeadh deiseanna comhchosúla acu amach anseo. Léigh tuilleadh anseo.

# "Ag deireadh ár gcláir ranga ceoil, bhí i bhfad níos **muiníní** agam ceol a roghnú nuair a bheidh mé ag tosú ar an meánscoil i mí Mheán Fómhair. Tá **go leor cairde nua déanta agam** i mo rang ceoil nua."

Ceoltóir Óg, Music Generation Uíbh Fhailí




**Music Generation Uíbh Fhailí**
*Breaking Barriers*
Grianghraf le Darren Brown



Music Generation Ros Comáin
*Songs about Love*
Grianghraf le Brian Farrell

## Ros Comáin

I mí Iúil 2024, chuir Music Generation Ros Comáin "Songs About Love" i láthair, ceolchoirm speisialta a cruthaíodh d'Fhéile Ealaíon Mhainistir na Búille. Bhí 40 ceoltóir, filí, damhsóir agus ealaíontóir óg ó Mhol Ceoil Mhainistir na Búille, baill de "Ensemble Téadach Ros Comáin" (cuid de "Ceolfhoireann Óige Ros Comáin"), agus damhsóirí ó "Victoria Walker School" páirteach sa seó. Le chéile, rinne siad iniúchadh ar théama an ghrá trí mheascán leathan seánraí ceoil agus stíleanna cumtha amhrán.

Ba é sin an dara léiriú bunaidh a cruthaíodh don fhéile. In 2023, chuir an grúpa "My Generation", i láthair agus i ndiaidh rath an dá sheó, tá na taibheoirí óga ag cleachtadh anois dá léiriú in 2025, "End of a Century". Leis na tionscadail sin, leanadh le hardán cruthaitheach a thabhairt do dhaoine óga chun iad féin a chur in iúl agus a dtallann a thaispeáint, agus comhpháirtíochtaí láidre á gcothú acu laistigh den phobal ealaíon áitiúil.
Féach ar an léiriú iomlán anseo.

## Sligeach

Chomhoibrigh Music Generation Shligigh le Cór Orpheus Shligigh le haghaidh léiriú idirghlúine speisialta. Tháinig os cionn 100 amhránaí, ina measc baill de "Guthanna Óige Shligigh" agus "Cór Orpheus Shligigh" clúiteach, le chéile le haghaidh léiriú speisialta de *The Sally Gardens*. Taifeadadh an léiriú i gcoinne chúlra álainn an Leathrois, atá suite ar Chósta Thiar Thuaidh na hÉireann.
Féach ar an léiriú anseo.

## Baile Átha Cliath Theas

Imeacht speisialta ba ea "Cultúr i gCroí" a tionóladh i Halla an Chontae, Tamhlacht, ar Oíche Chultúir. Bhí Cór Nua Leanaí Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas páirteach san imeacht tráthnóna agus sheinn siad an chéad taibhiú domhanda d'amhrán a chum an cumadóir áitiúil, Damian Gallagher, go speisialta do Thamhlacht. Scóráladh an píosa do chór leanaí, cór daoine fásta Gallagher "Arabella Voices", téadcheathairéad, píoba, óbó, fliúit, agus méarchlár. Léiríodh Point the Gun ón dís "SubSounds Youth Collective" ó Music Generation, Joseph Ryder agus Eimear O'Neill ag an imeacht tráthnóna chomh maith. Thacaigh cóiriú téadcheathairéid le léiriú na díse a cruthaíodh le linn ceardlann samhraidh le grúpa ó Ohio, SAM.

## Tiobraid Árann

Sheol Music Generation Thiobraid Árann "Ukulele Days" mar chuid dá chlár "Tune Up Tipp". Le clár uirlise na mbunscoileanna "Tune up Tipp", cuirtear rochtain ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga ar fud Thiobraid Árann ar oideachas ceoil uirlise i scoileanna, rud as a dtagann tuilleadh deiseanna as laistigh den phobal go minic.

Mar chuid den chlár, d'eagraigh Music Generation Thiobraid Árann camchuairt ar chúig dháta ar fud Chontae Thiobraid Árann, inar tugadh thart ar 1,500 ceoltóir óg le chéile chun seinm lena n-ucailéilí agus lena nguthanna. Sheinn 150-200 ceoltóir óg ag gach imeacht, le tacaíocht ó bhanna tí beo ina raibh 8 seinnteoir. Leis an seisiún sin, tugadh deis do pháistí seinm leo féin nó mar chuid de ghrúpa níos mó. Sheinn siad amhráin óna gceachtanna seachtainiúla agus na sceitimíní a bhain le bheith ag seinm le banna beo gairmiúil orthu.
Féach tuilleadh anseo.





**Music Generation Thiobraid Árann**
*Sounds of Semple*
Grianghraf le Maurice Gunning



**Music Generation Phort Láirge**
*MidNight Collective*
Grianghraf le DGM Photographic

# Port Láirge

Comhoibriú cruthaitheach ba ea "MidNight Collective" idir Music Generation Phort Láirge agus Theatre Royal, a bhí cómhaoinithe ag Treoirscéim d'Imeachtaí Mall san Oíche de chuid na Comhairle Ealaíon. Tugadh le chéile leis an tionscadal ensemble de 35 ceoltóir ina measc ceoltóirí óga agus oideoirí ó chláir rac-cheoil, popcheoil, gaothuirlisí, práisuirlisí, agus ceoil thraidisiúnta Music Generation Phort Láirge, mar aon le haoi-ealaíontóirí *The New Brass Kings*.

Bhí sraith cóirithe cruthaitheacha lenar cumascadh seánraí mar thoradh ar an gcomhoibriú, a chuimsigh móramhráin íocónacha ó na 60idí agus na 70idí. Ba é foireann cheoltóirí Music Generation Port Láirge a chruthaigh na cóirithe sin i gcomhar leis an ensemble "MidNight Collective". Chríochnaigh an tionscadal le léiriú ard-fhuinniúil in Amharclann Ríoga Phort Láirge, a cuireadh i láthair mar LateNight@TheRoyal i mí na Bealtaine 2024.
Féach tuilleadh anseo.

# An Iarmhí

Chuaigh Music Generation na hIarmhí i gcomhphháirtíocht le Creative Westmeath chun "Westmeath Whisperings" a fhorbairt, tionscadal saothair lenar dtugadh le chéile cumadóir gairmiúil Carrie Harding agus ceoltóirí óga ó Bhaile Átha Luain agus ón Muileann gCearr. Bhí páistí agus daoine óga ó rang príomhshrutha i Scoil Náisiúnta Chorr na Madadh, rang RSO i Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, agus Ceolfhoireann Óige Bhaile Átha Luain páirteach sa tionscadal. Le chéile, chomhchruthaigh siad saothar bunaidh a bhí spreagtha ag a stair áitiúil, a dtírdhreach agus a n-eispéiris phearsanta.

Le linn an phróisis, d'oibrigh na cumadóirí óga go dlúth le Harding lena smaointe, foinn agus machnamh a chumasc i bpíosa uathúil a ghabhann spiorad a bpobail.

## Loch Garman

D'óstáil Music Generation Loch Garman imeacht speisialta i bPáirc Chadwick i Loch Garman i mí na Bealtaine 2024, áit ar bhailigh breis agus 2,000 páiste scoile ó gach cearn de Chontae Loch Garman le chéile chun léiriú a dhéanamh. Tháinig na páistí le chéile chun canadh agus ucailéile a sheinm don chéad taibhiú domhanda agus don taifeadadh de"Everyone", amhrán bunaidh leis an gcumadóir agus oideoir ceoltóra Laura Hyland.

Le Everyone aontaíodh na cláir cheoil uile-ranga ó bhunscoileanna ar fud an chontae, a bhí ar siúl le linn na scoilbhlianta faoi threoir Oideoirí Ceoltóra díograiseacha. Bhain páistí idir 7 agus 12 bliana d'aois sult as léiriú ó Extreme Rhythm ó ensemble gutha óige Yellow Bellows ina dhiaidh sin.

Bhí Yellow Bellows, 15 oideoir ceoltóra oilte, agus banna beo páirteach sa léiriú a bhí faoi stiúir an chumadóra Liam Bates agus Anita Mahon, le hamhráin lenar bhain canadh, cnagcheol colainne, agus seinm ucailéilí.
Léigh tuilleadh faoin léiriú anseo.

## Cill Mhantáin

D'óstáil Music Generation Chill Mhantáin "Harmonising Beyond the Trees", tionscnamh ealaíon cuimsitheach do pháistí agus do dhaoine óga ó thrí bhunscoil i Ráth Droma, Contae Chill Mhantáin. Faoi stiúir an Oideora Ceoltóra, Olwen Carolan, an ealaíontóra amhairc Louise Shearer agus an chumadóra Tom Lane, comhtháthaíodh sa tionscadal ceol agus na healaíona amhairc chun feasacht ar an gcomhshaol agus pobal a chur chun cinn. Bunaithe ar thaighde ar an dóigh a bhféadfadh rannpháirtíocht maidir leis an gcomhshaol daoine a thabhairt le chéile, spreag an tionscnamh rannpháirtithe chun ceangal a dhéanamh lena dtimpeallacht áitiúil.

Thosaigh an tionscadal le cuairt ar Beyond the Trees, áit ar thaifead páistí fuaimeanna nádúrtha agus guthanna pobail chun fuaimdhreach a chruthú. Níos déanaí, d'oibrigh siad leis na healaíontóirí chun amhráin a sheinm agus chanbhás aonair a chruthú, a taispeánadh ag Cruinniú na nÓg.
Féach tuilleadh anseo.



**Music Generation Loch Gorman**
*Fleadh Cheoil na hÉireann*
Grianghraf le Zena O'Brien

# Spriocanna Straitéiseacha



In 2022, d'fhoilsigh Music Generation a phlean straitéiseach 5 bliana, *Saol Daoine Óga a Athrú ó Bhonn tríd an gCeol*.

Leagtar amach sa phlean sin treo Music Generation amach anseo ó 2022-2026 agus muid ag leanúint le beocht a chur inár misean.

## Cáilíocht

**Sprioc:** tionchar a imirt ar chultúr feabhsúcháin leanúnaigh ar fud líonra Music Generation agus é a chothú, ionas go mbeidh an t-eispéireas agus na torthaí ar an gcaighdeán is airde agus is féidir ag páistí agus daoine óga. i suíomhanna éagsúla agus ar fud réimse leathan seánraí agus disciplíní ceoil.

# Cuspóir 1



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

Oibreoimid ar bhealach cuimsitheach fadtéarmach le cláir áitiúla Music Generation chun **tacú le forbairt bhreise chultúir ardchaighdeáin**.

In 2024, cuireadh Colún Cáilíochta Phlean Straitéiseach an OFN chun cinn trí chúig ghníomhaíocht tosaíochta ríthábhachtacha:

1. Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC)
2. Ceiliúradh Náisiúnta *We are Music Generation* 2024
3. Taighde agus Foghlaim an Oideachais um Cheol Taibhithe
4. Neartú Líonra
5. An Ciste athstruchtúrtha Cruthaitheachta agus Comhoibrithe

## Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC)

In 2024, chríochnaíomar Céim 1 den phróiseas um Pleanáil Cáilíochta i gcúig limistéar CÁOC eile: Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, Ros Comáin, Cill Chainnigh, agus Ceatharlach, rud a fhágann go bhfuil seacht CÁOC ar an iomlán páirteach sa phróiseas. Chuireamar tús freisin le hathbhreithniú agus meastóireacht iomlán. In 2023/2024, Bhí 75 Oideoir Ceoltóra, 5 Oifigeach Forbartha Ceoil (OFCanna), agus baill foirne áitiúla eile, lena n-áirítear Riarthóirí agus Oibrithe Acmhainní, páirteach sa tionscadal. Tá sraith ceardlann i gceist leis an bpróiseas um Pleanáil le haghaidh Cáilíochta (PC) a úsáideann cur chuige taighde gníomhaíochta comhoibríoch maidir le plé faoi cháilíocht.

Is é an sprioc cuidiú lenár dtuiscint chomhroinnte ar Oideachas um Cheol Taibhithe a chothú agus tacú le cultúr cáilíochta ar fud an líonra.

[1] Cuspóir 1, Gníomhaíocht 2 de Phlean Straitéiseach Music Generation 2022-2026

## Ceiliúradh Náisiúnta 2024

Thosaigh an fhoireann FFC ag pleanáil do bhliain náisiúnta ceiliúrtha Music Generation go luath in 2023, ag obair go dlúth le comhghleacaithe ar fud an Líonra. Leis an bplean. réitíodh an bealach faoi choinne bhliain bhríomhar d'imeachtaí comhoibríocha, cruthaitheacha agus ceiliúrtha arna soláthar ag an OFN agus foirne áitiúla.

Forbraíodh an clár bliana, dar teideal *We are Music Generation*, trí chomhairliúchán le páistí agus daoine óga, le príomhpháirtithe leasmhara (trí Ghrúpa Oibre Comhairleach), agus le CÁOCanna trí Oifigigh Forbartha Ceoil (OFCanna) agus le baill de Ghrúpa Stiúrtha na Stiúrthóireachta.

I measc cuid de na buaicphointí faoi stiúir OFN bhí:

- Lá lúcháireach do *We Are Music Generation* do pháistí agus do dhaoine óga ag Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath.
- *Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht* Comhdháil aon lae a spreag smaointeoireacht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath inar taispeánadh réimse leathan guthanna ó gach cearn den líonra.
- Cruinniú Náisiúnta d'Oideoirí Ceoltóra ina raibh neart cuir i láthair faoi stiúir ceoltóirí agus gníomhaíochtaí praiticiúla

## Taighde agus Foghlaim an Oideachais um Cheol Taibhithe (OCT)

In 2024, rinneadh fiosrú ar OCT a ionchorprú sa phróiseas um Pleanáil le haghaidh Cáilíochta. Bhí sé sin ina chuid dá n-obair leanúnach le foirne Oideoirí Ceoltóra, OFCanna, agus riaracháin. Mar chuid den cheardlann tosaigh agus deiridh sa tsraith sé chuid, rinneamar cleachtadh comhoibríoch, machnamhach. Gabhadh leis sin tuairimí na rannpháirtithe ar phríomhghnéithe agus tréithe OCT.

Roinneadh léargas ón bpróiseas PC ansin trí chuir i láthair comhpháirteacha OFC-OFN ag cruinnithe líonra ráithiúla, cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha na Stiúrthóireachta, agus ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar a leagtar amach faoi Chuspóir 3.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

## Neartú Líonra

Is sprioc agus próiseas araon é neartú líonra a ghabhann trí na cúig ghníomhaíochta tosaíochta atá sa Straitéis Cháilíochta. In 2024, leanamar le struchtúir agus tacaíochtaí an líonra a thógáil agus a fheabhsú trí rannpháirtíocht leis na líonraí GSS, OFC, CÁOC, agus na líonraí Riarthóir/ Oibrí Acmhainní.

Ó na céimeanna pleanála luatha go dtí an comóradh náisiúnta a sholáthar in 2024, d'oibrigh an OFN leis an líonra OFC, le baill bhord OFC Music Generation, agus le baill de Ghrúpa Stiúrtha Stiúrthóireacht Music Generation–BOO. Le chéile, bhunaigh siad grúpa oibre comhairleach chun treoir a thabhairt don chomóradh. Ceann de phríomhaidhmeanna *We are Music Generation* is ea rannpháirtíocht a mhéadú agus a neartú ar fud an líonra.

Mar chuid den obair sin, ghlac 209 Oideoir Ceoltóra páirt i gCruinniú Náisiúnta na nOideoirí Ceoltóra. Bhí an t-imeacht múnlaithe timpeall ar ábhar faoi stiúir Oideoirí Ceoltóra, agus fócas ar eolas agus eispéiris a roinnt. I mí an Mhárta 2024, chuir ár gcomhdháil páirtithe leasmhara, *Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht*, fáilte roimh 224 rannpháirtí agus 28 láithreoir ó gach cearn den líonra, rud a spreag tuilleadh comhoibrithe agus foghlama.

Bhí pleanáil agus soláthar Lá *We are Music Generation* bunaithe ar chomhpháirtíocht láidir ag obair ar fud an líonra. Tugadh le chéile ann Oideoirí Ceoltóra, OFCanna, Riarthóirí, Oibrithe Acmhainní, agus Páistí agus Daoine Óga, agus iad uile ag obair go dlúth leis an OFN. Thacaigh páirtithe leasmhara agus ionadaithe ó ar fud éiceachóras níos leithne Music Generation. Bhain na tionscnaimh sin faoi stiúir an OFN príomhaidhm an cheiliúrtha náisiúnta amach go rathúil: naisc chun naisc agus comhoibriú a neartú ar fud ár líonraí foghlama.

## An Ciste Ieathnaithe Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCF)

Tacaíonn an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC) le tionscadail ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. In 2024, tugadh isteach maoiniú breise trí leagan leathnaithe den chiste, ar a dtugtar an Ciste Cruthaigh, Comhoibrigh, Ceiliúir (CCCC). Dearadh an leathnú sin chun tacú le cláir, tionscnaimh agus tionscadail faoi stiúir mhuintir na háite mar chuid de *We are Music Generation*. Déantar cur síos níos mine ar an réimse tosaíochta sin faoi Chuspóir 2, lena n-áirítear forléargas ar na tionscadail a dtacaítear leo.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ngníomhaíocht tosaíochta maidir le hathstruchtúrú nó ath-shamhlú an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe, cuireadh tús le hathbhreithniú straitéiseach in 2024. Cuireadh bonn eolais faoin athbhreithniú sin leis na moltaí ó Mheasúnú Chomhairle Ealaíon Music Generation, arna dhéanamh ag Sound Connections UK in 2023, chomh maith le haiseolas a bailíodh le linn siompóisiam ar fhreastail feidhmeannaigh na Comhairle Ealaíon air ag cruinniú líonra OFCanna i mí na Samhna 2024. Tá tuilleadh sonraí faoin réimse tosaíochta sin, lena n-áirítear forléargas maoiniúcháin a leithdháileadh in 2024, ar fáil faoi Chuspóir 2.



# Cuspóir 2

Comhoibreoimid le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun **sármhaitheas ealaíonta agus oideolaíoch a spreagadh agus tacú leis i gclársceidealú** agus i gcleachtas ar fud raon suíomhanna.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

Ceann de na bealaí a n-oibríonn an OFC le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta ná tríd an gCiste tiomnaithe Cruthaitheachta agus Comhoibrithe (CCC), a thacaíonn le tionscadail ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá an CCC deartha chun deiseanna forbartha ealaíonta agus cruthaitheacha a chruthú d'ealaíontóirí gairmiúla, do pháistí agus do dhaoine óga. Tugtar deis leis na tionscadail sin do pháistí, do dhaoine óga agus do cheoltóirí comhoibriú agus iniúchadh a dhéanamh ar cheol cruthaitheach agus ar fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, mar aon lena ngnáth-theagasc ceoil.

In 2024, cuireadh maoiniú breise ar fáil trí leagan coigeartaithe den chiste — an Ciste Cruthaigh, Comhoibrigh, Ceiliúir (CCCC) — chun tacú le gach CÁOC agus páirt á glacadh acu sna himeachtaí ceiliúrtha náisiúnta. Chomh maith le costais páistí, daoine óga agus MEanna chun taisteal chuig imeachtaí faoi stiúir an OFC i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh a chlúdach, thacaigh an ciste leathnaithe freisin le cláir, tionscnaimh agus tionscadail faoi stiúir mhuintir na háite a sholáthar mar chuid de *We are Music Generation* le linn 2024.

Maidir leis na himeachtaí náisiúnta, d'oibrigh an CCCC le samhail mhaoiniúcháin dhá shnáithe. I Snáithe 1, tairgeadh suim sheasta €10,000 do gach ceantar chun tacú lena rannpháirtíocht i dtrí imeacht faoi stiúir OFN. Chuidigh an maoiniú sin le fáil réidh le bacainní ar rannpháirtíocht páistí agus daoine óga trí chostais iompair a chlúdach nuair a bhí gá leis agus chuir sé maoiniú ar fáil do CÁOCanna chun tacú le rannpháirtíocht Oideoirí Ceoltóra. Thacaigh maoiniú Shnáithe 1 le tionscadail agus tionscnaimh faoi stiúir mhuintir na háite freisin, rud a thug deis do CÁOCanna a gcláir áitiúla a thaispeáint agus deiseanna nua a iniúchadh.

Chuir Snáithe 2 maoiniú ar fáil do thionscadail nua agus leanúnacha, a ndearnadh measúnú orthu ar bhonn iomaíoch de réir na gcritéar céanna a úsáideadh i mbabhtaí roimhe seo. Dámhadh maoiniú CCCC i gcomhair 31 tionscadal ar iomlán agus cuireadh i gcrích iad in 2024 mar chuid de *We are Music Generation*. Tá tionscadail a maoiníodh faoi Shnáitheanna 1 agus 2 san áireamh i mbuaicphointí We are Music Generation ar leathanaigh 34 go 38.

Tairgeadh babhta maoiniúcháin CCC eile i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus dámhadh maoiniú do 17 tionscadal. Cuireadh tús leis na tionscadail sin in 2024 agus cuirfear i gcrích iad le linn 2025.

# Cuspóir 3

## Leanfaimid le **líonra náisiúnta Music Generation a fhorbairt agus a neartú** ar feadh shaolré an phlean seo.



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

In 2024, d'óstálamar 20 imeacht líonra náisiúnta, ag tabhairt le chéile grúpaí lena n-áirítear an GSS, Líonra OFCanna, Líonra Riarthóirí/Oibrithe Acmhainní, agus an Grúpa Oibre Comhairleach um Imeachtaí Náisiúnta a bunaíodh ag deireadh 2022. In 2023, bhí comhairliúcháin againn le páistí agus daoine óga chun ullmhú do 2024. Rinneamar dul chun cinn i dtreo cur chuige níos comhoibríche i leith phleanáil líonra OFCanna trí ghrúpa oibre píolótach OFCanna a bhunú a dhíríonn ar phleanáil agus ar fhorbairt imeachtaí líonra.

Le linn 2024, tionóladh cruinnithe ráithiúla Líonra OFCanna duine le duine. Cruthaíodh deiseanna leis na cruinnithe sin chun eolas a roinnt, foghlaim a scaipeadh, cleachtais éifeachtacha a phlé, pleanáil straitéiseach a dhéanamh, agus comhpháirtíochtaí a chothú.

D'óstáil Music Generation Phort Láirge ár n-imeacht cónaithe bliantúil trí lá de chuid Líonra OFCanna i roinnt ionad, ina measc Amharclann Ríoga Phort Láirge, GOMA — Gailearaí na hEalaíne Nua-Aimseartha, agus trí réimse gníomhaíochtaí líonraithe. D'fhreastail OFCanna as 23 limistéar CÁOC, chomh maith le comhpháirtithe áitiúla CÁOC, agus feidhmeannach OFC. Cuimsíodh san imeacht léirithe, ceardlanna, seisiúin forbartha gairmiúla, plé, cuairteanna ar an láthair, agus gníomhaíochtaí líonraithe, lena n-áirítear cumadh ceoil.

Chomh maith le trí chruinniú ar líne, tionóladh cruinniú ar an láthair do Riarthóirí agus d'Oibrithe Acmhainní i Ráithe 2, agus d'fhreastail 16 toscaire ó 12 limistéar CÁOC air. Cuimsíodh sa chruinniú sin cuir i láthair ó bhaill an líonra agus gníomhaíochtaí a ceapadh chun líonrú, comhroinnt idir piaraí agus foghlaim a chur chun cinn.

I measc na ndeiseanna oiliúna a chuir an OFC ar fáil don líonra foghlama bhí Scríobh Tuarascálacha i mBéarla Simplí agus Nótaí a Ghlacadh, chomh maith le ceardlanna Cumarsáide agus Pleanála, iad uile deartha chun tacú le riachtanais tuairiscithe agus rialachais na CÁOCanna.

Mar atá leagtha amach faoi Chuspóir 1, bhí bunú Grúpa Oibre Chomhairligh ag deireadh 2022 ina bhealach eile chun an bhliain náisiúnta cheiliúrtha a phleanáil.

Áiríodh ar an obair bhreise maidir le tacaíocht, comhroinnt eolais agus neartú líonraí comhairliúchán le daoine óga le linn pleanáil imeachtaí náisiúnta. Faoi stiúir fhoireann Cumarsáide an OFC, i gcomhar le FFC, bailíodh sna comhairliúcháin sin ionchur ó pháistí agus ó dhaoine óga, rud a chuidigh leis na himeachtaí náisiúnta a mhúnlú. I measc a n-ionchur sin bhí teideal a chruthú don bhliain, *We Are Music Generation* agus lógó nua bríomhar do cheiliúradh 2024 a spreagadh.

Bhí comhtháthú taighde fós ina phríomhfhócas le linn cruinnithe líonra agus gníomhaíochtaí malartaithe eolais seachtracha, agus cuireadh tús le hobair in 2024 ar Straitéis Taighde a ullmhú do Music Generation. Roinneadh léargas agus foghlaim luath ón tionscnamh PC go hidirnáisiúnta den chéad uair in 2024.

I mí Iúil 2024, chuir painéal comhpháirteach OFNanna agus OFCanna siompóisiam i láthair ag comhdháil dhomhanda an Chumann Idirnáisiúnta um Oideachas Ceoil (ISME) in Heilsincí, san Fhionlainn. Bhí OFCanna ó Music Generation Thiobraid Árann, Music Generation na Mí, agus Music Generation Chathair na Gaillimhe ar an bpainéal, mar aon le baill den fhoireann feidhmiúcháin OFN. Ba é teideal a gcur i láthair Music Generation: *Comhráite casta lena ndéantar iniúchadh ar cháilíocht san oideachas um cheol taibhithe*.




Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta um Oideachas Ceoil Heilsincí



## Inbhuanaitheacht

**Sprioc:** oibriú i dtreo inbhuanaitheacht fhadtéarmach córais náisiúnta soláthair oideachais um cheol taibhithe áitiúil le tacaíocht ón bpobal a bhaint amach.



# Cuspóir 4

Oibreoimid chun **bonneagar áitiúil agus náisiúnta a fháil a mbeidh neart acmhainní ann** (i dtéarmaí daonna agus airgeadais) agus a mbeidh rialachas eiseamláireach ina shainghné aige.

In 2023 chríochnaigh an Roinn Oideachais agus Óige Athbhreithniú Neamhspleách ar mhaoiniú poiblí na Roinne Oideachais agus Óige do Music Generation. In 2024, thionóil an Roinn Grúpa Stiúrtha chun na moltaí ón tuarascáil a mheas. Áirítear ar bhallraíocht an Ghrúpa Stiúrtha oifigigh Roinne, Stiúrthóirí BOOanna, agus Stiúrthóir Náisiúnta Music Generation.




**Music Generation Chathair Chorcaí**
*Cruinniú Mullaigh um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí, Caisleán Bhaile Átha Cliath*

# Cuspóir 5



Music Generation Chathair Chorcaí agus The Kabin Studio
*Comhdháil Dhomhanda The Ireland Funds*
Grianghraf Adrian O'Herlihy

## Leanfaimid le **comhpháirtíochtaí straitéiseacha a idirbheartú le réimse páirtithe leasmhara reatha agus nua.**

In 2024, lean Music Generation le comhpháirtíochtaí a chothú le réimse páirtithe leasmhara lena n-áirítear U2, The Ireland Funds, Banc Mheiriceá, an Roinn Oideachais agus Óige, Roinn an Taoisigh, an Chomhairle Ealaíon agus ár líonra náisiúnta de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil ina bhfuil ról ceannaireachta ag Boird Oideachais agus Oiliúna agus ag Údaráis Áitiúla.

Comhdháil aon lae a bhí inár ndara himeacht Náisiúnta, *We are Music Generation*, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, áit ar bhailigh a lán páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe le chéile. Cuimsíodh guthanna agus dearcthaí éagsúla ón líonra ar fad san imeacht, dar teideal *Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht*. I measc na dtopaicí a pléadh bhí tábhacht Music Generation i dtírdhreach ceoil, ealaíon, cultúrtha agus oideachais na hÉireann, 20 bliain i ndiaidh Thuarascáil Staidéir Féidearthachta Music Network 2003. Dhírigh plé eile ar cheart leanaí agus daoine óga chun rochtain a fháil ar cheol, agus chuir alumni, ealaíontóirí agus ionadaithe do chearta an linbh de chuid Music Generation leis an bplé. Cuireadh fócas freisin ar ghnéithe uathúla an oideachais um cheol taibhithe, go háirithe ról an ealaíontóra mar cheoltóir agus mar oideoir araon.

I ndiaidh an mheastóireacht neamhspleách ar ár gcomhpháirtíocht Music Generation-na Comhairle Ealaíon a rinne Sound Connections in 2023, tionóladh siompóisiam na torthaí agus an léargas ón tuarascáil a phlé.

Tugadh le chéile san imeacht sin Oifigigh Forbartha Ceoil agus baill de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Ealaíon. Tionóladh dhá chruinniú de Ghrúpa Stiúrtha Stiúrthóireacht Music Generation-BOO freisin, áit ar pléadh topaicí amhail comhroinnt faisnéise agus foghlaim ó chleachtais rathúla.

In 2024, chomhoibríomar le Clár um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí Roinn an Taoisigh freisin. Áiríodh leis sin léiriú speisialta a rinne ceoltóirí óga ó Music Generation Chathair Chorcaí ag comhdháil i mí na Bealtaine, chomh maith le cur i láthair ag cruinniú Líonra Tras-Rialtais i mí na Nollag. Roinneadh léargas thábhachtach sa chur i láthair ónár gcuid oibre le deich mbliana anuas chun fáil réidh le bacainní agus rochtain ar cheol do pháistí agus do dhaoine óga a fheabhsú.



## Cuspóir 6

Leanfaimid le **léargas agus faisnéis a sholáthar** don Roinn Oideachais agus Óige agus do chomhpháirtithe áitiúla maidir leis na hacmhainní daonna agus acmhainní cuí eile atá riachtanach chun **cláir oideachais ceoil ardchaighdeáin a sholáthar.**

I gcomhar leis na BOOana, OFN Music Generation le measúnú a dhéanamh ar acmhainní lucht oibre Music Generation. Is é ár sprioc tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh acmhainn foirne agus acmhainní daonna cuidiú le inbhuanaitheacht agus cáilíocht sholáthar na gclár áitiúil a choinneáil ar bun.



**Music Generation Liatroma**
*Sing Up*
Grianghraf le Therese McCartin



# Cuspóir 7

## Leanfaimid lena chinntiú go n-oibreoidh **Oifig Forbartha Náisiúnta Ghiniúint an Cheoil go héifeachtach** laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

In 2024, bhí foireann 9 mball san Oifig Forbartha Náisiúnta ag obair sna réimsí Airgeadais, Oibríochtaí, Cumarsáide, agus Forbartha Cáilíochta agus Foghlama. Chomhlíonamar gach ceanglas rialála, rialachais agus tuairiscithe.

Leanamar le saineolas a fhorbairt laistigh dár bhfoireann agus tacú leis trí dheiseanna leanúnacha FGL agus oiliúna a sholáthar agus rinneadh 2% de chostais foirne an OFC a infheistiú in 2024. Chuireamar feabhsuithe ar ár bpróisis freisin, amhail ár gcórais airgeadais, próisis an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe, pleananna oibre, agus tuairisciú staidrimh a bheachtú. Leanfaimid leis na próisis sin a athbhreithniú agus a fheabhsú, agus scrúdaíomar torthaí na n-athruithe sin chun feabhas leanúnach in 2024 agus ina dhiaidh sin a chinntiú.

Chuireamar tús freisin le hobair ar fhorbairt an bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus tá sé le críochnú ag tús 2025.



**Lá We are Music Generation**
*An tlonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan



## Abhcóideacht

**Sprioc:** Os comhair príomh-spriocphobal tacóimid le ceart gach linbh agus duine óig chun deis a bheith acu páirt a ghlacadh in oideachas um cheol taibhithe.

## Cuspóir 8

Leanfaimid le **feasacht a mhúscailt maidir le fiúntas an oideachais um cheol taibhithe** i saol páistí agus daoine óga.

Cruthaíodh Plean Cumarsáide do 2024 chun tacú le Spriocanna Tacaíochta Music Generation agus feasacht a mhúscailt faoinár misean. Dhíríomar ar *We Are Music Generation* a chur chun cinn— Bliain atá tiomnaithe do thionchar bunathraitheach an oideachais um cheol taibhithe ar shaol páistí agus daoine óga a cheiliúradh. Tugadh tús áite sa phlean tús áite do ghuthanna páistí agus daoine óga a áireamh inár scéalaíocht.

**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht Music Generation**
*Comhdháil Náisiúnta, Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell




I measc phríomhghnéithe na straitéise bhí:

- Feasacht an phobail a mhúscáilt maidir le *We are Music Generation* agus ar mhisean Music Generation trí na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha.
- Imeachtaí Náisiúnta a sheoladh agus tacú leo: Lá We are Music Generation Day, Comhdháil Náisiúnta um Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht agus *Cruinniú Náisiúnta Oideoirí Ceoltóra*.
- Guth páistí agus daoine óga a chumhachtú trí spásanna tacaíochta faoi stiúir na hóige a éascú ag Imeachtaí Náisiúnta *We Are Music Generation*.
- Ár gcainéil dhigiteacha a úsáid chun páistí agus daoine óga a chumhachtú, trí spás a thabhairt dóibh lena gcuid eispéiris agus scéalta Music Generation a insint.
- Feasacht a chur chun cinn maidir le cláir ealaíonta pobalbhunaithe do *We Are Music Generation* in CÁOCanna ar fud na tíre.
    - — Leanamar le hiniúchadh a dhéanamh ar stíleanna nua scéalaíochta físe i gcomhar le ceoltóirí óga agus CÁOCanna, agus mar thoradh air sin tháinig méadú 8.6% ar rannphháirtíocht an lucht spéise ar na meáin shóisialta. Shroich ár n-amhairc físeáin iomlána 247,649.

Leanamar ag cur lenár bhfeasacht phoiblí trí dheiseanna sna meáin náisiúnta a fháil.




"Is **breá liom an ceol** agus tá sé go hiontach é a sheinm. Agus tá sé go hiontach é a sheinm le daoine a bhfuil ar breá leo é freisin"

Evan, ceoltóir óg, Music Generation Phort Láirge

**Music Generation Phort Láirge and**
**Music Generation Cheatharlach**
*SoundCrowd '24*
Grianghraf le DGM Photographic

# Cuspóir 9



**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

## Spreagfaimid agus éascóimid go gníomhach tacaíocht faoi stiúir páistí agus daoine óga a labhraíonn faoina n-uaillmhianta agus a n-eispéiris maidir leis an luach atá ag oideachas um cheol taibhithe ina saol.

Le linn 2024, leanamar le dul chun cinn a dhéanamh maidir le guthanna páistí agus daoine óga a áireamh inár gcumarsáid agus inár ngníomhaíochtaí.

Bhain sé sin le comhordú ábhair a chruthaigh páistí agus daoine óga lena gcuid scéalta a insint trí fhíseán agus trí chainéil ar líne. Chomhoibríomar freisin le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun deiseanna feidhmíochta a chruthú. Ina theannta sin, leanamar le caidreamh a chothú le príomhionadaithe, amhail Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí.

## Youth Voice

Thosaigh cur chun cinn *We are Music Generation* le feachtas tiomnaithe sna meáin shóisialta chun feasacht a mhúscailt maidir le ceart gach linbh chun rochtain a fháil ar cheol, ar chultúr agus ar na healaíona. Chruthaigh ceoltóirí óga ó Music Generation Shligigh agus Chill Chainnigh ábhar físe do ghlao poiblí ar Lá Domhanda an Cheartais Shóisialaigh de chuid na Náisiún Aontaithe, inar tugadh cuireadh do dhaoine óga ar fud na tíre chun an fáth a bhfuil an ceol tábhachtach acusan a roinnt.

Le linn Lá *We Are Music Generation*, bhí róil thábhachtacha ag ceoltóirí óga, lena n-áirítear na meáin shóisialta a bhainistiú, físeagrafaíocht, MC a dhéanamh, agus agallaimh a thabhairt. Áiríodh leis sin an ábhar a forbraíodh le ceoltóirí óga ó Music Generation Chathair na Gaillimhe, Bhaile Átha Cliath Theas, Shligigh, agus Thiobraid Árann. Féach tuilleadh anseo.

Ag *Rochtain*, *Ealaíontacht agus Abhcóideacht*, roinn na painéalaithe óige, **Tony** (Music Generation Laoise), **Eva** (Music Generation Mhaigh Eo), **Heidi** (Music Generation Chathair Chorcaí), **Nelvin** (Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath), agus **Fern Hope** (Music Generation Phort Láirge) scéalta spreagúla faoin tionchar iontach atá ag an gceol ar a saol, ag tabhairt chun suntais an tábhacht a bhaineann leis an oideachas ceoil.

Chomhoibríomar le ceoltóirí óga freisin chun feasacht a mhúscailt maidir le ceiliúradh faoi stiúir mhuintir na háite.

D'oibríomar le Comhairle Óige nua Music Generation Mhaigh Eo chun Féile Mhaigh Eo a chur chun cinn agus a n-eispéiris ar an lá a roinnt. Féach tuilleadh faoin bhféile anseo agus anseo.



**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht Music Generation**
*Comhdháil Náisiúnta, Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell

Comhoibriú uathúil is ea *Ceolfhoireann Óige Corda Connections* idir Ceolfhoireann Óige Cheolfhoireann Chomhlachas na hÉireann, Music Generation Chiaraí agus Music Generation Lú. Thar thréimhse chónaithe chuimsitheach cúig lá, thum na ceoltóirí óga seo iad féin i gceol clasaiceach téadach. Le linn an ama sin, d'oibríomar leis na seinnteoirí téaduirlisí óga chun ábhar a chruthú lenar gabhadh a n-eispéiris, idir chleachtaí agus léirithe agus a gcaidreamh le hOideoirí Ceoltóra agus chairdeas nua. Chuireamar trealamh físe láimhe ar fáil dóibh, rud a chuir ar a gcumas a n-eispéiris laethúla a dhoiciméadú. Féach ar a n-eispéiris anseo agus anseo.

Taispeánadh a n-ábhar físe ag ár gCruinniú Náisiúnta d'Oideoirí Ceoltóra, ag ceiliúradh obair eisceachtúla na nOideoirí Ceoltóra agus a dtionchar marthanach ar shaol ceoltóirí óga. Féach air anseo.

Chríochnaíomar an bhliain le searmanas deiridh digiteach speisialta ar Lá Domhanda na Leanaí, an 20 Samhain, áit ar roinn ceoltóirí óga na cuimhneacháin cheoil b'ansa leo ó #WeAreMusicGeneration 2024. Féach ar chuid dá gcuid cuimhneachán anseo agus anseo.

# Cuspóir 10

## Leanfaimid le **taighde a dhéanamh agus ár n-abhcóideacht a bhunú ar fhoghlaim fhianaise-bhunaithe**.

Ba é fócas ár dtaighde in 2024 foghlaim ghníomhach tríd ár dtionscnamh um Pleanáil le haghaidh Cáilíochta, athbhreithniú ar Rannpháirtíocht Páistí agus Daoine Óga, agus meastóireacht neamhspleách ar chomhpháirtíocht Music Generation–Comhairle na nEalaíon i ndiaidh chomhoibriú 10 mbliana. Cuirfear na gníomhaíochtaí sin isteach i bhforbairt ár straitéise taighde in 2025.

**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan






**Lá We are Music Generation**
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

# Bord Music Generation agus Bord na hOifige Forbartha



# Náisiúnta

Arna bhunú mar fhochuideachta de chuid Cuideachta Teoranta de réir Ráthaíochta (CTR) Music Generation, tá Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) Music Generation á rialú ag Bord Stiúrthóirí ina bhfuil deich gcomhalta. Ba iad seo a leanas **Comhaltaí Bhord Music Generation** in 2024:

## Leo Blennerhassett
Cathaoirleach, Comhairleoir Bainistíochta, agus iar-Stiúrthóir Bainistíochta Accenture Ireland

## Pat Burke
Iar-Ard-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Óige. Cathaoirleach Choimisiún na Scrúduithe Stáit ó 2015 go 2023

## Anna Marie Delaney
Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí (go dtí Meán Fómhair 2024)

## John Kelly
Scríbhneoir, Craoltóir agus SONY, EMA, agus buaiteoir gradaim PPI

## Joe Cunningham
Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

## Deirdre McCrea
Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iar-phríomhoifigeach feidhmiúcháin Music Network

## Mel Mercier
Ollamh Emeritus sna Taibh-ealaíona, Acadamh Domhanda na hÉireann um Cheol agus Damhsa, Ollscoil Luimnigh

## James Morris
Founder of Windmill Lane Studios, Windmill Lane Pictures, The Mill (Londain), and Príomhthionscnóir i mbunú TV3. Ag obair faoi láthair ar fhorbairt tionscnaimh seirbhísí digiteacha do léiriú scannán agus teilifíse

## Dr Méabh Ní Fhuartháin
Ceann Aonaid, Ionad na Léinn Éireannaigh, Ollscoil na Gaillimhe

## Chantal O'Sullivan
Déileálaí seandachtaí, comhalta boird Chumann Seoirseach na hÉireann i Nua-Eabhrac, comhalta boird The Ireland Funds agus Glucksman Ireland House i Nua-Eabhrac

# Baill Foirne

Ba iad seo a leanas foireann **Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation in 2024**:

## Rosaleen Molloy
Stiúrthóir Náisiúnta

## Mairéad Duffy
Bainisteoir na Forbartha agus na Foghlama Cáilíochta

## Cathriona Grange
Bainisteoir Oibríochtaí

## Helen Grant
Bainisteoir Airgeadais

## Paul Markey
Comhordaitheoir na Forbartha agus na Foghlama Cáilíochta

## Rebecca Murphy
Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta

## An Dr Margaret O'Sullivan
Stiúrthóir na Forbartha, Taighde agus Foghlama Cáilíochta

## Maura Philpott
Cúntóir Airgeadais

## Helen Shyne
Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta Straitéisí






**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht**
*Comhdháil Náisiúnta Music Generation*
*Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell

# Rialachas

## Conas a Fheidhmíonn an Bord

Tá Bord Stiúrthóirí DAC Music Generation ina bhord neamhfheidhmiúcháin neamhspleách. Tagann na Comhaltaí Boird ó chúlraí éagsúla agus soláthraíonn siad réimse taithí agus scileanna, lena n-áirítear saineolas suntasach ealaíonta, oideachais gnó agus cultúrtha.



Le chéile, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar, straitéis a fhorbairt, riosca a shainaithint agus a mhaolú, agus monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséid agus ar thorthaí na heagraíochta. Roghnaítear na comhaltaí boird de réir bhunreacht DAC Music Generation agus cuirtear gach comhalta nua boird faoi phróiseas ionduchtaithe fairsing. Cuirtear comhaltaí an bhoird ar an eolas freisin faoi aon cheanglais nua rialachais nó reachtaíochta nuair agus de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Tá teorainn téarma 3 bliana agus 3 théarma ar a mhéad ann.

Tá próisis oibríochtúla agus rialachais i bhfeidhm ag DAC Music Generation leis an méid seo a leanas a chinntiú:

**Go n-oibreoidh sé ar bhealach oscailte trédhearcach**

**Go gcomhlíonann sé a fhreagrachtaí reachtúla agus dlíthiúla**

**Go gcloíonn sé le hoibleagáidí rialachais a bhunaitheoirí agus a dheontóirí**

Tá Music Generation á threorú le straitéisí náisiúnta ábhartha, beartais Rialtais, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cloíonn Music Generation leis an Ráiteas um Chleachtas Molta do Charthanais (SORP).

Tá DAC Music Generation á rialú ag Bunreacht agus tá a Bhord Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil ar bun, lena n-áirítear cloí le Cód Rialachais Carthanais an Rialálaí Carthanas.

## Minicíocht na gCruinnithe Boird agus Coistí

Tionóltar Cruinnithe Boird ocht go deich n-uaire sa bhliain. Lena chois sin, bíonn cruinnithe ag coistí níos lú den Bhord ar chúrsaí ar leith amhail Acmhainní Daonna, Iniúchóireacht agus Riosca, agus an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe.

## Ráiteas maidir le Bearta Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Clár Riosca na Cuideachta agus a dhéanann monatóireacht ar gach riosca éideartha don eagraíocht.



**Rochtain, Ealaíontacht agus Abhcóideacht**
*Comhdháil Náisiúnta Music Generation*
*Caisleán Bhaile Átha Cliath*
Grianghraf le Brian Farrell



**Music Generation Chathair na Gaillimhe**
*Youth Lates*
Grianghraf le Ciarán MacChoncarraige

# Cúrsaí Airgeadais

## Achoimre ar Fhigiúirí 2024

B'ionann **ioncam iomlán** DAC Music Generation do 2024 agus **€7,030,928**.

Fuarthas croímhaoiniú dar luach €23,783 ó The Ireland Funds agus fuarthas €6,985,000 tríd an Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Óige.

Áiríodh ar ioncam eile de €22,145 ioncam taiscí agus maoiniú chun tacú le deiseanna taibhithe do cheoltóirí óga.



Lá We are Music Generation
*An tIonad Comhdhála*
Grianghraf le Dave Keegan

Leis na cistí a leithdháileadh ar DAC Music Generation clúdaítear costais eisíoca clár do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil agus costais reatha na hOifige Forbartha Náisiúnta.

Soláthraíonn DAC Music Generation maoiniú do **Phríomhpháirtithe** a luaithe a bheidh an méid coibhéiseach bailithe ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil (CÁOCanna) trí mhaoiniú meaitseála a ghintear go háitiúil. As an €7,797,228 arna thiomsú ag Phríomhpháirtithe in 2024, **soláthraíodh** €1,360,691 de mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin an ranníocaíocht shuntasach ó gach Limistéar CÁOC maidir leis an gcóiríocht oifige, na forchostais agus an fhoireann riaracháin a theastaíonn chun tacú le cláir Music generation.

## Ioncam iomlán do chláir Music Generation

**52.5%**
Comhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ceoil



**0.5%**
U2 agus The Ireland Funds
Eile

**47%**
An Roinn Oideachais agus Óige

## Caiteachas iomlán do chláir Music Generation



**94%**
Seirbhísí Cláir

**6%**
Costais oibriúcháin na hOifige Forbartha Náisiúnta



# Aguisíní

## Aguisín A:

### Ballraíocht na gCruinnithe Boird agus Freastal Orthu

| | 15 Feab | 30 Aib | 7 Meith | 12 Iúil | 24 MF | 5 Samh | 10 Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leo Blennerhassett** | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Pat Burke** | N/B | N/B | ● | ● | ● | ● | N/B |
| **Joe Cunningham** | ● | N/B | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Anna Marie Delaney** | N/B | ● | N/B | ● | ● | ● | ● |
| **John Kelly** | ● | N/B | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● | ● | ● | N/B | ● |
| **Mel Mercier** | N/B | N/B | ● | ● | ● | N/B | N/B |
| **James Morris** | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| **Méabh Ní Fhuartháin** | N/B | ● | N/B | ● | N/B | ● | ● |
| **Chantal O'Sullivan** | N/B | ● | ● | ● | ● | ● | ● |



### Ballraíocht na gCruinnithe Coistí Boird agus Freastal Orthu

| Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | 28 Beal | 2 Noll |
|---|---|---|
| **Leo Blennerhassett** | ● | ● |
| **Pat Burke** | ● | ● |
| **Anna Marie Delaney** | ● | N/B |

| Coiste AD | 6 Meith | 20 MF | 29 Samh |
|---|---|---|---|
| **Joe Cunningham** | ● | ● | ● |
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● |
| **James Morris** | ● | ● | ● |

| Coiste an Chiste Cruthaitheachta agus Comhoibrithe | 27 MF | 2 DF | 10 DF | 17 DF |
|---|---|---|---|---|
| **Deirdre McCrea** | ● | ● | ● | ● |
| **Mel Mercier** | ● | ● | ● | ● |
| **Méabh Ní Fhuartháin** | ● | ● | ● | ● |

## Aguisín B:

### Táillí na Stiúrthóirí agus Speansais a Íocadh le Comhaltaí Boird in 2024

Níor íocadh aon táillí ná speansais
Stiúrthóra leis na comhaltaí Boird in 2024.

Grianghraf Clúdaigh:
**Music Generation Laoise**
*Summer Rock and Pop Camp*
Grianghraf le Alf Harvey

Music Generation

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Youth and Local Music Education Partnerships

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DAC Music Generation, Cláraithe in Éirinn; Uimhir Chuideachta: 491331,
Uimhir Charthanais: CHY 19679, Uimhir Chláraithe Charthanais: RCN 20077426.